Bord

Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Tuarascáil Bhliantúil 2024

Clár Ábhair

Réamhrá an Chathaoirligh 2
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 3
Ráiteas Misin 7
Ráiteas ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí 8
Forbhreathnú agus Résumé Seirbhísí 11
Bord BOOLM 12
Bainistíocht Shinsearach BOOLM 19
Stiúrthóireacht Scoileanna 20
Stiúrthóireacht Breisoideachas agus Oiliúint 32
Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta 60
Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtaí: Caipiteal, Eastáit, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht .. 73
Aguisín 82

Réamhrá an Chathaoirligh

I rith 2024 onóir mhór dom gur ainmníodh mé do phost Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí. Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí le haghaidh 2024 a chur in bhur láthair.

During 2024 I was honoured to be nominated to the position of Chairperson of the incoming Louth and Meath Education and Training Board. I am delighted to now present the Annual Report for Louth and Meath Education and Training Board for 2024.

I Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt d'obair an Bhoird roimhe seo agus do Chomhairleoir Wayne Harding, an tIar-Chathaoirleach. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an mBord nua chun plean seirbhíse agus misean BOOLM a chur i gcrích chun sármhaitheas agus nuálaíocht a sheachadadh in oideachas agus oiliúint foghlaimeoirí, trí sheirbhísí dinimiciúla a sholáthar, arna seachadadh ag foireann ghairmiúil. Is mór an onóir dúinn bheith ag obair ar son phobal Co. Lú agus Co. na Mí. Táimid bródúil as a bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe oideachais agus as cur le forbairt agus fás an tsoláthair oideachais agus oiliúna sa réigiún. Tá sé mar aidhm againn a bheith ar an bpríomhsholáthraí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin i Lú agus sa Mhí trí raon éagsúil de chláir inrochtana, fhorásacha agus fhreagracha a bhainistiú agus a sheachadadh.

Táthar ag leanúint de fheabhsú na timpeallachta thógtha le tacaíocht óna máthair-Ranna agus ó SOLAS. I measc na dtionscadal atá sceidealaithe le tosú ar an láthair i mbliana tá scoileanna buana nua do Scoil Náisiúnta Pobail Dhún Seachlainn, Coláiste Ríoga i nDún Seachlainn, agus Coláiste Pobail an Bhóthair Bhuí. Cuirim fáilte freisin roimh an aistriú go céim 2 de Choláiste De Lacy, atá á sheachadadh faoi scéim 'Oiriúnú' na Roinne Oideachais, a fuair cead pleanála sa cheathrú ráithe de 2024. Leanfaidh BOOLM ag obair go dlúth leis an Roinn chun tacú leis na tionscadail seo, ag cinntiú go mbeidh na scoileanna feistithe agus trealmhaithe de réir an chaighdeáin is airde.

Le linn 2024, lean BOOLM leis an gcás gnó a chur chun cinn do Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna den Scoth don Todhchaí i nDún Búinne i gcomhar le SOLAS agus RBATNE. Tá BOOLM ag súil le conarthaí a shíniú don suíomh 25 acra sa tríú ráithe de 2025 agus, gabhann siad buíochas ar leith leis an Aire Donovan agus a oifigigh ag RBATNE agus SOLAS as a dtiomantas don tionscadal seo.

Ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a ghabháil leis an Aire Norma Foley as an tacaíocht a tugadh do BOOLM le linn shaolré an rialtais roimhe seo agus gach rath a ghuí ar an Aire McEntee mar Aire Oideachais agus Óige. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis an Aire Donovan as a thacaíocht don earnáil BOO agus gach rath a ghuí ar an Aire Lawless mar Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Táimid ag tnúth freisin le bheith ag obair leis na hAirí Stáit ábhartha chun ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Chomh maith leis na hiarrachtaí comhoibríocha leanúnacha lenár maoinitheoirí sa Roinn Oideachais, sa Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS, lean BOOLM ag obair go dlúth le páirtithe leasmhara ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon i rith 2024, lena n-áirítear Údaráis Áitiúla, Fiontraíocht Éireann, an ÚFIÉ agus an IHREC chun tionscnaimh fhairsinge a fhorbairt chun cur le saol na bpobal ar a bhfreastalaímid, ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe, ag cuimhneamh i gcónaí ar ár ndualgas san earnáil phoiblí ina leith seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Michael Keogh a bhí ina chathaoirleach ar obair Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha. Tá an tionscadal tugtha chun críche anois, ach leanfaidh na buntáistí a bhaineann leis an bhfócas seo ar nuálaíocht agus ar chomhoibriú ar fud réimse na seirbhísí poiblí i nDroichead Átha ag seachadadh do mhuintir Dhroichead Átha ar feadh na mblianta atá le teacht.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus le foireann BOOLM as a ndícheall agus a dtiomantas chun ár bhfís chomhroinnte don eagraíocht a bhaint amach le linn 2024, agus buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí, caomhnóirí agus foghlaimeoirí a chuir a muinín ionainn dá dtodhchaí. Táim ag tnúth leis an seachadadh leanúnach i gcoinne ár spriocanna straitéiseacha in 2025.

Ní neart go cur le chéile.

An Comhairleoir Nick Killian
Cathaoirleach

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Cúis áthais dom, mar Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (LMETB), Tuarascáil Bhliantúil 2024 a chur i láthair.

I am pleased, as Chief Executive of Louth and Meath Education and Training Board (LMETB), to present the Annual Report for 2024.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ar dtús d'obair iontach a chuir an fhoireann isteach agus ómós a thabhairt ach go háirithe do bhaill foirne atá tar éis a bheith ag obair le BOOLM le fada agus a d'fhág an eagraíocht le linn na bliana. Ba mhaith liom mo chomhbhrón ó chroí a chur in iúl d'aon duine agus do gach duine a d'fhulaing caillteanas nó drochshláinte le linn na bliana chomh maith.

Tá BOOLM an-eolach ar threochtaí atá ag teacht chun cinn ar fud an domhain a mbíonn tionchar acu ar dheiseanna amach anseo dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí. Sa chomhthéacs sin, déanaimid ár ndícheall i gcónaí cúrsaí oideachais agus oiliúna ceannródaíocha a thairiscint, chomh maith le cúrsaí oiliúna agus printíseachta a fhreastalaíonn ar riachtanais ár ndaonra agus a fhreastalaíonn ar riachtanais na fiontraíochta agus na fiontraíochta gnó.

Chuir athruithe déimeagrafacha agus fás daonra sa dá chontae le tréimhse an-spreagúil agus dúshlánach do BOOLM. Léiríonn sonraí ón daonáireamh go bhfuil Lú agus an Mhí ar cheann de na réigiúin is mó fáis sa tír le méadú 11% ar an daonra go beagnach 360,000 ó 2016 i leith. Léiríonn rolluithe méadaithe agus bunú scoileanna nua agus tionscadail tógála sa dá chontae na hathruithe sin.

Mar chuid dá straitéis 2022-2026, gheall BOOLM gníomhú go hinbhuanaithe. Tá áthas orm go bhfuil straitéis inbhuanaitheachta ceadaithe ag ár mBord. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar an deaobair atá ar siúl ar fud na heagraíochta. Rinneadh Iniúchtaí Fuinnimh i níos mó ná 85% dár stoc tógála agus tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid BBOLM i bhfeidhm atá ina phríomhspreagadh agus ina chabhair i dtreo ár spriocanna earnála poiblí a bhaint amach. Tá lúcháir ar BOOLM acmhainn thiomnaithe a chur i bhfeidhm freisin chun an bailiúchán saothar tábhachtach seo a bhainistiú atá mar bhonn agus taca lenár dtiomantas do ghníomhú go hinbhuanaithe. Tá áthas orm gur éirigh le BOOLM maoiniú a fháil faoin gClár REPowerEU Pathfinder le haghaidh iarfheistiú suntasach domhain ar Choláiste Pobail Ráth Chairn. Cuirfidh an tionscadal seo faoi stiúir na Roinne, atá le cur i gcrích i rith an tsamhraidh 2025, feabhsuithe suntasacha ar chreatlach fhoirgnimh na scoile, ag cur le héifeachtúlacht fuinnimh agus inbhuanaitheacht. Tá iarratas déanta ag BOOLM ar chuimsiú sa chlár Pathfinder don Bhreisoideachas.

Le linn 2024, chuir ionad nua oiliúna leictreachais BOOLM i nDroichead Átha go mór le dul i ngleic leis an riaráiste i bprintíseacht ceardaíochta leictreach, agus tá sé beartaithe 308 printíseach breise a thabhairt isteach san ionad in 2025. Cabhróidh an tIonad Sármhaitheasa seo do phrintíseacht leictreacha in Éirinn leis an Rialtas a spriocanna a bhaint amach atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta nua do Phrintíseachtaí 2021 – 2025 a bhaint amach. Bhuaigh an t-ionad gradam mór le rá ag gradaim Sármhaitheasa Foirgníochta na hÉireann in 2024.

D'oscail BOOLM a chéad Scoil Speisialta Pobail, Scoil Speisialta Pobail Cara, sa Bhóthar Buí, Co. na Mí in 2024. Cuireann Scoil Speisialta Pobail Cara oideachas cuí ar fáil do dhaltaí, idir 4 agus 18 mbliana d'aois, a bhfuil diagnóis Uathachais agus riachtanais foghlama casta orthu, le moladh gairmiúil acu do Scoil Speisialta. Tá an-áthas orm tacú leis an Roinn Oideachais chun an scoil seo a thabhairt go dtí an Bóthar Buí, agus tá áthas orm go bhfuil an scoil seo ag na daltaí seo agus ag a dtuismitheoirí anois.

Tar éis don Aire Harris a fhógairt, tá BOOLM ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh maidir le tógáil choláiste saintógtha, úrscothach, breisoideachais agus oiliúna don todhchaí i nDún Búinne. Ceadaíodh ár n-iarratas ar mhaoiniú chuig SOLAS chun suíomh oiriúnach a fháil do Choláiste na Todhchaí i nDún Búinne, agus tá comhaontú bainte amach anois le húinéir an tsuímh roghnaithe. Táim ag tnúth leis an gconradh ar díol a thabhairt chun críche go luath agus úinéireacht a ghlacadh ar an suíomh 25 acra seo in 2025. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun ómós a thabhairt dóibh siúd ar éirigh leo an suíomh roghnaithe a aithint agus a sholáthar mar gheall ar a bhfís, a mbuanseasmhacht agus a dtiomantas. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a thaifeadadh don Phríomhoide, an tUasal Denis Leonard, atá i gceannas ar an gcoláiste seo ó bunaíodh é agus a chuir ceannaireacht ghairmiúil den chaighdeán is airde ar fái.

Tá BOOLM ag tnúth le deiseanna forbartha spreagúla agus nuálaíocha sa todhchaí sa réimse BOO anuas ar an bhforbairt shuntasach atá déanta ar an tIonad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta (IOBFAD) i nDún Dealgan le linn 2024. Tá an IOBFAD suite ar an gConair Eacnamaíoch ó Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste agus cuireann sé na scileanna déantúsaíochta agus teicneolaíochta ardleibhéil a theastaíonn do dhéantúsaíocht sa réigiún amach anseo. Cuireann an t-ionad seo ar chumas na dtionscal fiontraíochta agus déantúsaíochta leas a bhaint as próisis bharainneacha, as déantúsaíocht bhreiseán, as róbataic, uathoibriú, réaltacht fhíorúil agus réaltacht mhéadaithe. Tá sé beartaithe go gcuirfidh sé seo le táirgiúlacht agus iomaíochas cuideachtaí rannpháirteacha agus go dtacóidh sé le glacadh teicneolaíochtaí nua chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda /an Bhreatimeachta agus chun suaitheadh domhanda a sheasamh. Cuireadh deireadh le hoibreacha Chéim II ar an ionad in 2024 mar aon le cúig cheardlann printíseachta leictreacha breise ag an áis seo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht chaipitil mhéadaithe ó SOLAS agus RBATNE tríd an mBuiséad Caipitil Cineachta, buiséid Deisiúcháin agus Cothabhála, buiséid Oibreacha Éigeandála, agus Ciste Infheistíochta Bonneagair Straitéisigh SOLAS (€100,000–€5 milliún). I measc na bhforbairtí a rinneadh le déanaí, tá cead pleanála a fuarthas do thionscadal oideachais il-threasach in Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha agus iarfheistiú ar champas Bhóthar na Mainistreach do sheirbhísí Ógtheagmhála agus Breisoideachais na hUaimhe (réamhchéim deartha). Ina theannta sin, tá uasghrádú nua ar an díon agus ar an insliú i Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan críochnaithe, agus tá córas teasa nua socraithe le suiteáil i R1.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Michael Keogh a bhí ina chathaoirleach ar obair Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha. Tá deireadh curtha leis an tionscadal anois, ach fágann sé oidhreacht dhearfach ina dhiaidh do mhuintir Dhroichead Átha agus a phurláin atá ag dréim le stádas Cathrach. Bhí na grúpaí oibre trasearnála agus rannpháirtíocht na bpríomhpháirtithe leasmhara áitiúla ríthábhachtach chun Tuarascáil Guerin a sheachadadh.

Ag freagairt do "Tithíocht do Chách – plean nua tithíochta d'Éirinn" de chuid an Rialtais táimid ag leanúint ar aghaidh le pleananna chun fórsa saothair na hearnála tógála a leathnú. Teastóidh tuilleadh forbartha maidir le deiseanna oideachais agus oiliúna ina leith seo, go háirithe i réimse na bprintíseachtaí. Tá gealltanas uaillmhianach sa Phlean Ghníomhaíochta don Phrintíseacht 2021-25 chun clárúcháin printíseachta a mhéadú go 10,000 in aghaidh na bliana, beagnach dhá oiread an mhéid a bhí ann in 2020. Príomhréimse tosaíochta do sholáthar oiliúna BOOLM chun tacú leis sin is ea líon na rannpháirtithe a uasmhéadú i réimse na printíseachta ceardaíochta, le fócas ar leith ar réimsí mar leictreachas agus déanamh uirlisí.

Tá BOOLM ar thús cadhnaíochta maidir le modhanna nua-aimseartha tógála a chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh againn maidir le huascilliú an fhórsa saothair náisiúnta le raon leathan cúrsaí oiliúna a sholáthar agus na cúrsaí sin dírithe ar oiliúint a chur ar oibrithe na hearnála tógála faoi conas leas a bhaint as teicneolaíocht tógála priontáil thríthoiseach (3T) chun tithíocht a sheachadadh. Tar éis do BOOLM tionscnaimh oiliúna a sholáthar chun tacú le modhanna tógála nua-aimseartha agus le húsáid teicneolaíochta priontáil coincréite 3T ach go háirithe, bhí lúcháir orainn dhá theach a thaispeáint i nDroichead Átha ar tógadh iad le teicneolaíocht phriontáil 3T. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do cheannaireacht agus do dhiongbháilteacht Joan Martin, Uasal, iar-Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Lú, a dheimhnigh in 2024, an chéad scéim tithíochta riamh a sheachadadh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht tógála 3T. Bhí comhoibriú uathúil i gceist le tionscnamh píolótach Clós na Gráinsí idir Comhairle Contae Lú, BOOLM, Harcourt Technologies Ltd agus Roadstone Ltd, ina bhfuil teicneolaíocht phriontála coincréite 3T á húsáid agus é de sprioc againn conair a sholáthar lena gcuirfear aschur méadaithe tithíochta ar fáil a bheidh níos inbhuanaithe, níos inacmhainne agus níos éifeachtúla. Bhain an tionscadal úsáid as teicneolaíocht tógála phriontáil 3T chun trí aonad sraithe a bhfuil trí sheomra leapa iontu a sholáthar ar láithreán a bhfuil achar thart ar 110m ann ag Clós na Gráinsí, Dún Dealgan.

Is mór ag BOOLM an cur chuige comhpháirtíochta seo a ghlac ár gcomhghleacaithe i gComhairle Contae Lú agus Comhairle Contae na Mí araon ar son leas na saoránach sa dá chontae. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil ach go háirithe le Joan Martin Uasal, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Lú, leis an Uasal Kieran Kehoe, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí agus lena réamhtheachtaithe Fiona Lawless Uasal, Jackie Maguire Uasal agus na foirne a d'oibrigh in éindí leo.

Faoinár gComhaontú Feidhmíochta Straitéisí nua 2022-2024, áiríodh sna príomhréimsí sprice a sainaithníodh: tacú le poist, conairí a chruthú, cuimsiú a chothú, oiliúint a chur ar fáil trí shaolréanna agus gairmeacha beatha agus díriú ar phríomhriachtanais scileanna. Tá BOOLM ag tnúth le comhpháirtíocht leanúnach le SOLAS chun tacú lenár bpleananna uaillmhianacha agus iad a fheabhsú thar shaolré a chomhaontuithe comharba.

Le linn 2024, chuir an IOBFAD oiliúint ar fáil do 1,977 foghlaimeoir san iomlán. Chuimsigh sé seo 1,412 Foghlaimeoir sa tionscnamh maidir le Scileanna le Dul Chun Cinn, 70 Printíseacht (Céim Leictreach 2), 47 Oiliúnaí agus 432 foghlaimeoir ar thionscnaimh oiliúna eile. Sheol IOBFAD tionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna sonracha, lena n-áirítear cúrsa táthú róbatach d'iarrthóirí RCS (An Roinn Coimirce Sóisialaí) agus an Dámhachtain Sainchuspóra QQI Leibhéal 6 Úsáid a bhaint as Róbataic in Ard-Déantúsaíocht (URAM), ag díriú ar róbataic agus uathoibriú in ard-déantúsaíocht.

Tá an-áthas orm gur críochnaíodh roinnt tionscadal tógála scoile in 2024, lena n-áirítear Scoil Náisiúnta Naomh Peadar, Dún Búinne, Céim II de Bhunscoil na Sceiche agus Bloic A & B de Choláiste na Mí, an Uaimh. I measc na dtionscadal leanúnacha atá le críochnú in 2025, tá an chéim dheireanach de mhórshíneadh cineachta Scoil Iar-bhunscoile na Sceiche, scoil nua do 575 dalta le hAonad Riachtanas Speisialta ceithre rang i gColáiste Uí Chearbhalláin, an Obair, agus an chéim dheireanach de Choláiste na Mí, lena n-áirítear foirgneamh liostaithe agus scoil nua do Scoil Speisialta Naomh Muire, an Uaimh. Cuirfear cóiríocht mhodúlach isteach freisin i gColáiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha, agus i bPobalscoil Náisiúnta Ard Rí agus i gColáiste Beaufort san Uaimh.

I measc na dtionscadal a bhí ag an gcéim deartha ag deireadh 2024, bhí síneadh mór ag Coláiste Pobail Dhún Seachlainn (Céim 2a) agus síntí ag Iar-bhunscoil Naomh Oilibhéar, An Seanchaisleán, agus Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha (Céim 1). I measc na scoileanna atá sa chéim pleanála tá Coláiste Beaufort, an Uaimh, Coláiste na hInse, An Inse, agus Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí, a chuimsíonn scoil speisialta do Naomh Ultan, an Uaimh. Tá BOOLM ag fanacht freisin ar cheadú na Roinne chun dul ar aghaidh chuig tairiscint dá cheanncheathrú nua i nDroichead Átha.

Leanann BOOLM ag tacú le scoileanna neamh-BOO ar iarratas na Roinne Oideachais. I measc na dtionscadal reatha, tá síneadh buan ag Pobalscoil Naomh Ciarán, Ceanannas (Céim 3: tairiscint an chonraitheora), agus síneadh ag Meánscoil Loreto, an Uaimh (céim phleanála). Tá Céim 2b curtha i gcrích ag an Aonad Riachtanas Speisialta i Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim le Chéile na Sceirí, agus táthar chun tús a chur leis an tógáil i Ráithe 2025. Tá Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias, Na Creagacha Dubha, Co. Lú, ag dul ar aghaidh trí Chéim 2a. Feabhsóidh na tionscadail seo áiseanna scoile agus timpeallachtaí foghlama do bhaill foirne agus do mhic léinn araon agus tá áthas ar BOOLM a bheith in ann cabhrú leis na tionscadail thábhachtacha seo a chur i gcrích.

I measc na dtionscadal atá le teacht faoi stiúir na Roinne, tá scoileanna buana nua do Phobalscoil Náisiúnta Dhún Seachlainn, Coláiste Ríoga, agus Coláiste Pobail an Bhóthair Bhuí. Fuair Céim 2 de Choláiste De Lacy, cuid de scéim 'Oiriniú' na Roinne, cead pleanála go déanach in 2024. Táim ag tnúth le comhoibriú leis an Roinn chun a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn sna scoileanna seo chomh tapa agus is féidir.

Tá lúcháir orm gur éirigh le BOOLM maoiniú a fháil ón gCiste Bonneagair Spóirt ar Mhórscála (LSSIF) chun áis spóirt a fhorbairt i gColáiste Pobail Naomh Oilibhéar, a fhreastalaíonn ar Fhoireann Cispheile Dhroichead Átha Wolves chomh maith. Áirítear leis an tionscadal halla spóirt, réimse dornálaíochta, seomra aclaíochta, limistéir shóisialta agus oifigí. Ár mbuíochas freisin leis an Aire Stáit i Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha a bhfuil freagracht speisialta air as Gnóthaí Eorpacha, agus sa Roinn Cosanta, Thomas Byrne TD, as a thacaíocht tríd an gCiste Áiseanna Spóirt Pobail. Chomh maith leis sin, fuair BOOLM €480,000 chun an rian reatha a athchóiriú agus a leathnú ag Iarbhunscoil na Sceiche, Co. Lú.

Leanann BOOLM ag obair chun a dhualgas earnála poiblí maidir le comhionannas a ionchorprú ina chur chuige straitéiseach agus i bpleanáil seirbhíse araon d'fhonn freastal ar an bhfoghlaimeoir ar an mbealach is fearr le heispéireas oideachais agus oiliúna fadsaoil uilechuimsitheach a sholáthar.

Tá BOOLM ag súil go muiníneach le leanúint ar aghaidh ag obair leis na pobail ar a bhfreastalaíonn sé le tacaíocht a Bhoird, a Choistí, a Bhoird Bhainistíochta, a mháthair-Ranna agus a mhaoinitheoirí. Bhí ról ríthábhachtach ag gach comhalta den Bhord, idir chomhaltaí reatha agus iarchomhaltaí, maidir le tacú le comhghnóthachtálacha BOOLM agus tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú. Tá mise, agus iadsan, ag tnúth le go leor deiseanna forbartha tábhachtacha in 2025. Tháinig deireadh le téarma Bhord BOOLM roimhe seo, lena choistí agus na mBord Bainistíochta uile a bhaineann leis, in 2024. Ba mhaith liom na comhaltaí seo a mholadh as ucht a gcuid oibre agus as ucht an ama a chuir siad isteach sna róil thábhachtacha seo le cúig bliana anuas agus buíochas a ghabháil leo as ucht an chúnaimh mhóir a thug siad do BOOLM i gcaitheamh na mblianta sin. Guím gach rath ar an mBord nua, ar a choistí, agus ar na Boird Bainistíochta le linn a dtéarmaí oifige freisin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Norma Foley as an tacaíocht a tugadh do BOOLM le linn shaolré an rialtais roimhe seo agus gach rath a ghuí ar an Aire McEntee ina ról nua mar Aire Oideachais agus Óige. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis an Aire Donovan as a thacaíocht don earnáil BOO agus gach rath a ghuí ar an Aire Lawless mar Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Táimid ag tnúth freisin le bheith ag obair leis na hAirí Stáit ábhartha chun ár misean agus ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Tá ardmholadh tuillte ag gach duine. Is deis atá sa tuarascáil seo léargas a thabhairt ar an obair iontach atá á déanamh ag an bhfoireann ar fad a oibríonn go dícheallach chun oideachas den chéad scoth a chur ar fáil do leanaí agus d'aosaigh i Lú agus sa Mhí. Táim ag súil le hathbhreithniú a dhéanamh ar níos mó forbairtí úra, nua agus spreagúla in 2025 agus ina dhiaidh sin agus na forbairtí sin a chur i bhfeidhm.

Well done one and all. This report is an opportunity to showcase the excellent work of all the staff who work tirelessly to provide a top-class education to children and adults across Louth and Meath. I look forward to reviewing and implementing further fresh, new and exciting developments into 2025 and beyond.

An tUasal Martin G. O'Brien
Príomhfheidhmeannach

Ráiteas Misin

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) tiomanta do bharr feabhais agus nuálaíocht in oideachas agus in oiliúint foghlaimeoirí trí sheirbhísí dinimiciúla a sholáthar a chuireann baill foirne gairmiúla ar fáil. Cúis bhróid dúinn is ea freastal ar phobail Lú agus na Mí, a bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe oideachais agus a bheith ag cur le forbairt agus fás an tsoláthair oideachais agus oiliúna sa réigiún. Is é an aidhm atá ag BOOLM a bheith ar an bpríomhsholáthraí oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin i Lú agus sa Mhí trí réimse éagsúil de chair inrochtana, fhorásacha agus fhreagracha a bhainistiú agus a sholáthar.

Mission Statement

Louth and Meath Education and Training Board (LMETB) is committed to excellence and innovation in the education and training of learners through the provision of dynamic services delivered by professional staff. We are proud to serve the communities of Louth and Meath, to work with our educational partners and to contribute to the development and growth of education and training provision in their region. LMETB aims to be the leading provider of quality education and training in Louth and Meath through the management and delivery of a diverse range of accessible, progressive and responsive programmes.

Oscailt Oifigiúil Phobalscoil Náisiúnta Chill Dhéagláin, Bealtaine 2024

Ráiteas ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus tá sé freagrach agus freagrach as stiúradh agus rialú cuí a fheidhmeanna i limistéir údaráis áitiúil Lú agus na Mí.

Cloíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0083/2024 na Roinne Oideachais agus Scileanna. Is é cuspóir an chóid a chinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí prionsabail an dea-rialachais agus na bainistíochta i bhfeidhm.

Feidhmeanna Bhord BOO

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0083/2024 Cód Cleachtais um Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád a thugann le fios, le cruinneas réasúnta ag aon am, stad airgeadais an Bhoird agus a dheimhníonn go bhfuil na Ráitis Airgeadais cruinn de réir Ailt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach chomh maith as cosaint a gcuid sócmhainní agus as céimeanna réasúnta a thógáil le calaois agus neamhrialtachtaí eile a aimsiú agus a stopadh. Measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid ghnóthaí an Bhoird i láthair go cuí.

Agus na cuntais sin á ullmhú acu, ní mór don Bhord:

- na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a chur i bhfeidhm i leith ullmhú ráitis airgeadais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- breithiúnais agus measúnú a thabhairt atá réasúnta agus stuama
- eisceachtaí ábhartha ó pholasaithe chaighdeánacha cuntasaíochta a thabhairt le fios

I rith 2024, d'fhaomh an Bord doiciméid agus nithe lena n-áirítear;

- Glacadh leis an Tuarascáil Bhliantúil agus Tuarascáil an Chathaoirligh
- Glacadh leis na Ráitis Airgeadais lena n-áirítear Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh
- Glacadh leis an bPlean Seirbhíse
- Litir Ionadaíochta
- Meabhráin Tuisceana
- Bronntanais agus Scoláireachtaí de réir Acht 2013
- Moltaí ó Choiste na Talún agus na bhFoirgneamh
- Comhaltaí a cheapadh ar Choistí agus ar Bhoird Bhainistíochta
- Miontuairiscí agus tuarascálacha de bhun chruinnithe an Choiste
- Comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanais i ndáil le 2023

Chinntigh an Bord gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí.

Cruinnithe Boird

Tháinig an Bord le chéile 8 n-uaire i rith na bliana, agus tá sonraí tinrimh leagtha amach sa tábla ar leathanach 14.

Cruinnithe an Choiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile 4 huaire i rith na bliana, agus tá sonraí tinrimh leagtha amach sa tábla ar leathanach 17.

Cruinnithe Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig an Coiste Iniúchta agus Riosca le chéile 5 huaire i rith na bliana, agus tá sonraí tinrimh leagtha amach sa tábla ar leathanach 16.

Bainistíocht Riosca

Coinníonn an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé go bhfuil measúnú déanta aige ar na príomhrioscaí, ar na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2024. Bainistíonn an Bord riosca don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Tugann an Coiste Iniúchta agus Riosca cúnamh don Bhord ina fheidhm bainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (IAU) agus ar a thuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil C&AG agus ar aon Iniúchadh seachtrach amhail iniúchadh CSE agus/nó Iniúchadh Cánach. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

Is mír bhuan í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear leis an mbreithniú:

- Tuarascálacha riosca ón mBainistíocht Shinsearach
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta agus Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- An Clár Iniúchóireachta

Tá sonraí faoi na príomhrioscaí agus na bearta nó na straitéisí maolaithe gaolmhara curtha san áireamh sa Ráiteas um Rialú Inmheánach mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Córas Rialuithe Inmheánacha

Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus go bhfuil an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athraithe go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach curtha i gcrích, curtha san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear é ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach na gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Beartas agus Nósanna Imeachta Soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachas Poiblí agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

Cánachas

Deimhním gur chomhlíon BOOLM a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach.

Ráitis Airgeadais 2024

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) tráth foilsithe na Tuarascála Bliantúla do 2024. Foilseoidh an BOOLM na ráitis airgeadais iniúchta a luaithe is indéanta tar éis don ARC&C iad a shíniú.

Tá sonraí airgeadais maidir leis na nithe seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Sonraí faoi tháillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird a ndearnadh anailís orthu de réir chatagóir na dtáillí
- Sonraí comhiomlána cúitimh na príomhbhainistíochta a ndearna na catagóirí seo a leanas anailís orthu, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán;
    - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe
    - Sochair iarfhostaíochta
    - Sochair Iomarcaíochta
- Príomhchúiteamh bainistíochta más ann dó
- Sonraí faoi líon na bhfostaithe ar thit a sochair iomlána fostaithe (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 suas agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána an fhostóra.

Sínithe:

Dáta: 15 Bealtaine 2025

An Comhairleoir Nick Killian

Cathaoirleach

ETB Lú agus an Mhí

Forbhreathnú agus Résumé Seirbhísí

Is údarás áitiúil reachtúil oideachais agus oiliúna é BOOLM atá freagrach as oideachas, obair óige agus raon feidhmeanna reachtúla eile. Bainistíonn agus feidhmíonn BOOLM:

- 18 n-iar-bhunscoil lena n-áirítear ceann amháin le soláthar Iar-Ardteistiméireachta
- 2 Coláistí CIA
- 4 Phobalscoil Náisiúnta
- 1 Pobalscoil Speisialta
- 1 Ionad um Oideachas Eorpach
- 2 Ionad Oiliúna
- 1 Ionad Sármhaitheasa Traenála um Dhéantúsaíocht Chun Cinn
- 8 Ionad Ógtheagmhála
- 7 gcampas/ionad IAT ilúsáide a thairgeann raon de chláir agus de sheirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
- 2 Chomhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil i Lú agus sa Mhí
- Comhphátrún ar 6 Phobalscoil ag: Baile Átha Fhirdhia, Ceanannas, Baile Átha Troim, Baile Átha Buí, Cill Dhéagláin agus Coláiste Bhaile Uí Mhacaí Droichead Átha

Tá BOOLM gníomhach i bpobail áitiúla trí sholáthar díreach clár oiliúna agus oideachais a chuirtear ar fáil in Ionaid Oiliúna, i gColáistí agus i suíomhanna oiliúna agus oideachais eile. Ba mhaith le BOOLM difríocht mhór a dhéanamh do shaol na ndaoine a bhfreastalaíonn sé orthu. Is sampla den scoth de seo Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha, a fuair maoiniú le hacmhainní ón Roinn Dlí agus Cirt trí Chiste na gCuntas Díomhaoin agus atá á chur i bhfeidhm ag BOOLM.

Bord BOOLM

Tar éis toghcháin áitiúla i mí na Bealtaine 2024, bunaíodh Bord nua de dhuine is fiche de chomhaltaí de réir Chuid 3, Ailt 30 agus 31 den Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013. Tugann an tábla seo a leanas sonraí faoi chomhaltaí an bhoird in 2024.

Bord reatha BOOLM: Comhdhéanta Lúnasa go Nollaig 2024	Bord BOOLM atá ag dul as oifig: Eanáir go Nollaig 2024	Ainmnithe ag
An Comhairleoir Andrea McKevitt	An Comhairleoir Andrea McKevitt	Comhairle Contae Lú
An Comhairleoir Anne-Marie Ford	An Comhairleoir Eileen Tully	Comhairle Contae Lú
An Comhairleoir John Sheridan, Leas-Chathaoirleach	An Comhairleoir John Sheridan	Comhairle Contae Lú
An Comhairleoir Kevin Meenan	An Comhairleoir Kevin Meenan	Comhairle Contae Lú
An Comhairleoir Ciarán Fisher	An Comhairleoir Marianne Butler	Comhairle Contae Lú
An Comhairleoir Caroline O'Reilly	An Comhairleoir Caroline O'Reilly	Comhairle Chontae na Mí
An Comhairleoir Gerry O'Connor	An Comhairleoir Gerry O'Connor	Comhairle Chontae na Mí
An Comhairleoir Maria Murphy	An Comhairleoir Maria Murphy, Leas-Chathaoirleach	Comhairle Chontae na Mí
An Comhairleoir Nick Killian, Cathaoirleach	An Comhairleoir Nick Killian	Comhairle Chontae na Mí
An Comhairleoir Wayne Harding	An Comhairleoir Wayne Harding, Cathaoirleach	Comhairle Chontae na Mí
An Comhairleoir Maria White	An Comhairleoir Paul McCabe	Comhairle Chontae na Mí
An Comhairleoir Carol Lennon	An Comhairleoir David Gilroy (2)	Comhairle Chontae na Mí
An tUasal Paul Harkin	Caroline Canny, Uasal	Foireann BOOLM
Paula Clinton, Uasal	An tUasal Barry McCourt	Foireann BOOLM
Sinéad Edmonds, Uasal	Malgorzata Gilani, Uasal	Tuismitheoirí na ndaltaí
An tUasal Sean Peters	An tUasal Damian Kearns	Tuismitheoirí na ndaltaí
	An tUasal Bill Sweeney	Ionadaí Gnó, Tionscail agus Fostóirí
Máirín Uí Fháinnín, Uasal	Tara Walker, Uasal	Ionadaí Gnó, Tionscail agus Fostóirí
An tUasal Barry Williams	An tUasal Billy Doyle	Ionadaí na bhFoghlaimeoirí
An tUasal Bill Sweeney		Ionadaí na bhFoghlaimeoirí
An tUasal Paul McCabe	Siobhán Greer, Uasal	Ionadaí Bainistíochta, nó ceannaireachta i scoileanna aitheanta
Angela McGarvey, Uasal		Ionadaí Bainistíochta, nó ceannaireachta i scoileanna aitheanta
	Máirín Uí Fháinnín, Uasal	Ainmnithe ag Foras na Gaeilge

Nótaí
1) Bunaíodh an bord reatha thar roinnt cruinnithe i gcomhréir le ceanglais an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.
2) D'éirigh an Comhairleoir Amanda Smith as a ról ar an 27 Nollaig 2023 agus tháinig an Comhairleoir David Gilroy i gcomharba uirthi ar an 4 Márta 2024

Cothromaíocht Inscne i measc bhallraíocht an Bhoird

Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 10 (48%) mball baineann agus 11 (52%) mball fireann ar an mBord le 0 folúntas. Dá bhrí sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% de gach inscne i gcomhaltas na mBord Stáit.

Tá na bearta seo a leanas beartaithe chun cothromaíocht inscne a choinneáil agus a thacú ar an mBord seo:

- Moltar i litreacha chuig comhlachtaí ainmnithe nach mór ainmnithe fireanna agus baineanna a sholáthar
- Cuirtear ainmnithe na Comhairle fireanna gus baineanna ar fáil freisin
- Moltar don Bhord, agus ainmnithe á mbreithniú, a bheith eolach ar chothromaíocht inscne a choinneáil
- Cruinnithe hibrideacha

Comhaltaí Boird BOOLM amhail an 31 Nollaig 2024

An Comhairleoir
Andrea McKevitt

An Comhairleoir
Anne-Marie Forde

An Comhairleoir
Carol Lennon

An Comhairleoir
Caroline O'Reilly

An Comhairleoir
Ciarán Fisher

An Comhairleoir
Gerry O'Connor

An Comhairleoir
John Sheridan

An Comhairleoir
Kevin Meenan

An Comhairleoir
Maria Murphy

An Comhairleoir
Maria White

An Comhairleoir
Nick Killian

An Comhairleoir
Wayne Harding

Angela McGarvey,
Uasal

An tUasal
Barry Williams

An tUasal
Bill Sweeney

Máirín Uí Fháinnín
Uasal (Maureen
Fanning)

An tUasal Paul
McCabe

An tUasal Paul Harkin

Paula Clinton, Uasal

An tUasal Martin
Seán Peters

Sinéad Edmonds,
Uasal

Cruinnithe/Tinreamh agus Táillí Bhord BOOLM

Tá sonraí faoi na táillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh maidir le comhaltaí an Choiste a ndéantar anailís orthu de réir catagóire táillí san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Sonraítear sa tábla thíos tinreamh na gcomhaltaí boird ag cruinnithe le linn 2024.

		Dátaí na gCruinnithe								Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu/ Líon Cáilithe chun Freastal orthu
Bord BOOLM atá ag dul as oifig suas go dtí Lúnasa 2024	**Bord reatha BOOLM ó Lúnasa 2024**	**09/01/2024**	**29/02/2024**	**28/03/2024**	**09/05/2024**	**15/08/2024**	**15/08/2024**	**19/09/2024**	**21/11/2024**	
An Comhairleoir Andrea McKevitt	An Comhairleoir Andrea McKevitt		✓		✓	✓	✓	✓	✓	6/8
An Comhairleoir Eileen Tully					✓					1/4
	An Comhairleoir Anne-Marie Ford					✓	✓	✓	✓	4/4
An Comhairleoir John Sheridan	An Comhairleoir John Sheridan, Leas-Chathaoirleach	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
An Comhairleoir Kevin Meenan	An Comhairleoir Kevin Meenan			✓	✓	✓	✓		✓	5/8
An Comhairleoir Marianne Butler		✓	✓	✓	✓					4/4
	An Comhairleoir Ciarán Fisher					✓	✓	✓	✓	4/4
An Comhairleoir Caroline O'Reilly	An Comhairleoir Caroline O'Reilly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		7/8
An Comhairleoir Gerry O'Connor	An Comhairleoir Gerry O'Connor	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
An Comhairleoir Maria Murphy, Leas-Chathaoirleach	An Comhairleoir Maria Murphy	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
An Comhairleoir Nick Killian	An Comhairleoir Nick Killian, Cathaoirleach	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
An Comhairleoir Wayne Harding, Cathaoirleach	An Comhairleoir Wayne Harding	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8/8
	An Comhairleoir Maria White					✓	✓	✓		3/4
An Comhairleoir David Gilroy [2]				✓						1/4
	An Comhairleoir Carol Lennon							✓	✓	2/4
Caroline Canny, Uasal		✓	✓	✓	✓					4/4

	An tUasal Paul Harkin					✓	✓	✓	✓	4/4
An tUasal Barry McCourt			✓	✓	✓					3/4
	Paula Clinton, Uasal					✓	✓	✓	✓	4/4
Malgorzata Gilani, Uasal		✓								1/4
	Sinéad Edmonds, Uasal						✓	✓	✓	3/3
An tUasal Damian Kearns		✓								1/4
	An tUasal Martin Seán Peters						✓	✓		2/3
An tUasal Bill Sweeney	An tUasal Bill Sweeney	✓			✓			✓	✓	4/6
Máirín Uí Fháinnín, Uasal	Máirín Uí Fháinnín, Uasal	✓	✓	✓	✓				✓	5/6
Tara Walker, Uasal		✓	✓		✓					3/4
An tUasal Billy Doyle			✓	✓	✓					3/4
	An tUasal Barry Williams							✓	✓	2/2
Siobhán Greer, Uasal			✓	✓						2/4
An Comhairleoir Paul McCabe	An tUasal Paul McCabe	✓	✓	✓				✓		1/2
	Angela McGarvey, Uasal							✓	✓	2/2

Coistí BOOLM

Tar éis bhunú an Bhoird reatha, bunaíodh roinnt coistí de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Ballraíocht in 2024 faoi Bhord Nua	Ballraíocht in 2024 faoin mBord Roimhe Seo	
An tUasal Hugh Farrell (Cathaoirleach)	An tUasal Peter McGrath (Cathaoirleach)	Comhalta Neamh-Bhoird
Jackie Maguire, Uasal (Leas-Chathaoirleach)	An tUasal Hugh Farrell (Leas-Chathaoirleach)	Comhalta Neamh-Bhoird
Berni Power, Uasal	An tUasal Brendan McKenna	Comhalta Neamh-Bhoird
	An tUasal Paddy Malone	Comhalta Neamh-Bhoird
An tUasal Bill Sweeney	An tUasal Bill Sweeney	Comhalta Boird
An Comhairleoir Wayne Harding	An Comhairleoir Wayne Harding	Comhalta Boird
An Comhairleoir Nick Killian		Comhalta Boird

Bhí **cúig** chruinniú ag Coiste Iniúchta agus Riosca BOOLM in 2024. Léirítear sa tábla thíos tinreamh chomhaltaí an choiste ar na cruinnithe sin.

Ballraíocht in 2024 faoi Bhord Nua	Ballraíocht in 2024 faoin mBord Roimhe Seo	Dáta an chruinnithe 2024					Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu/ Cáilithe chun Freastal orthu
		13 Márta	22 Márta	26 Márta	4 Samhain	20 Nollaig	
An tUasal Hugh Farrell (Cathaoirleach)	An tUasal Hugh Farrell (Leas-Chathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	5/5
Jackie Maguire, Uasal (Leas-Chathaoirleach)					✓	✓	2/2
Berni Power, Uasal					✓	✓	2/2
An tUasal Bill Sweeney	An tUasal Bill Sweeney	✓	✓	✓	✓	✓	5/5
An Comhairleoir Wayne Harding	An Comhairleoir Wayne Harding						0/5
An Comhairleoir Nick Killian						✓	1/1
	An tUasal Peter McGrath (Cathaoirleach)	✓	✓	✓			3/3
	An tUasal Brendan McKenna						0/3
	An tUasal Paddy Malone	✓	✓				2/3

An Coiste Airgeadais

Ballraíocht in 2024 faoi Bhord Nua	Ballraíocht in 2024 faoin mBord Roimhe Seo	
An tUasal Bill Sweeney (Cathaoirleach)	An tUasal Bill Sweeney (Cathaoirleach)	Comhalta Boird
	An Comhairleoir Nick Killian	Comhalta Boird
	An tUasal Billy Doyle	Comhalta Boird
An tUasal Barry Williams		Comhalta Boird
An tUasal Hugh Farrell (Leas-Chathaoirleach)	An tUasal Hugh Farrell	Comhalta Neamh-Bhoird

Berni Power, Uasal		Comhalta Neamh-Bhoird
	An tUasal Brendan McKenna (Leas-Chathaoirleach)	Comhalta Neamh-Bhoird
	Mary McArdle (Oliver), Uasal	Comhalta Neamh-Bhoird

Bhí **ceithre** chruinniú ag Coiste Airgeadais BOOLM in 2024. Léirítear sa tábla thíos tinreamh chomhaltaí an choiste ar na cruinnithe sin.

Ballraíocht in 2024 faoi Bhord Nua	Ballraíocht in 2024 faoin mBord Roimhe Seo	Dáta an chruinnithe 2024				Líon na gCruinnithe ar Freastalaíodh orthu/ Cáilithe chun Freastal orthu
		16 Feabhra	26 Márta	19 Samhain	16 Nollaig	
An tUasal Bill Sweeney (Cathaoirleach)	An tUasal Bill Sweeney (Cathaoirleach)	✓	✓	✓		3/4
	An Comhairleoir Nick Killian	✓	✓			2/2
	An tUasal Billy Doyle	✓	✓			2/2
An tUasal Barry Williams				✓	✓	2/2
An tUasal Hugh Farrell (Leas-Chathaoirleach)	An tUasal Hugh Farrell	✓	✓	✓	✓	4/4
Berni Power, Uasal				✓	✓	2/2
	An tUasal Brendan McKenna (Leas-Chathaoirleach)					0/2
	Mary McArdle (Oliver), Uasal		✓			1/2

An Coiste Talún agus Foirgintí

Ballraíocht in 2024 faoi Bhord Nua	Ballraíocht in 2024 faoin mBord Roimhe Seo	
An tUasal Bill Sweeney (Cathaoirleach)	An tUasal Bill Sweeney (Cathaoirleach)	Comhalta Boird
An Comhairleoir John Sheridan	An Comhairleoir John Sheridan	Comhalta Boird
An Comhairleoir Nick Killian	An Comhairleoir Nick Killian	Comhalta Boird
An Comhairleoir Maria Murphy	An Comhairleoir Maria Murphy	Comhalta Boird
An Comhairleoir Wayne Harding	An Comhairleoir Wayne Harding	Comhalta Boird
An Comhairleoir Gerry O'Connor	An Comhairleoir Gerry O'Connor	Comhalta Boird

Coiste Talún agus Foirgneamh BOOLM **ceithre** chruinniú in 2024.

An Coiste um Obair don Aos Óg

Ballraíocht in 2024 faoi Bhord Nua	Ballraíocht in 2024 faoin mBord Roimhe Seo	
An Comhairleoir Maria Murphy (Cathaoirleach)	An Comhairleoir Marianne Butler (Cathaoirleach)	Comhalta Boird
An Comhairleoir Kevin Meenan	An Comhairleoir Maria Murphy	Comhalta Boird
An tUasal Barry Williams	An Comhairleoir Kevin Meenan	Comhalta Boird
An tUasal Graham Russell (Comhpháirtíocht Spóirt Lú)	An tUasal Graham Russell (Comhpháirtíocht Spóirt Lú)	Comhalta Neamh-Bhoird
Garda Anita O'Shea (Oifigeach Idirchaidrimh don Óige an Gharda Síochána, Stáisiún Dhroichead Átha)	Jennifer D'Arcy, Uasal	Comhalta Neamh-Bhoird
An tUasal Leonard Callaghan (CYPSC/Tusla)	An tUasal Leonard Callaghan (CYPSC/Tusla)	Comhalta Neamh-Bhoird
Ger Hogarty, Uasal (Obair d'Ógra Éireann)	An Garda Catherine Cronin (Oifigeach Idirchaidrimh Ógánaigh an Gharda Síochána, Rannán Gardaí na Mí)	Comhalta Neamh-Bhoird
An tUasal Rhys Murphy (Comhairle na nÓg Lú)	Geraldine Hogarty, Uasal (Obair d'Ógra Éireann)	Comhalta Neamh-Bhoird

An tUasal Kevin Moran (Earnáil Dheonach na hÓige)	Clodagh O'Mahony, Uasal (Ionadaí Pobail)	Comhalta Neamh-Bhoird
Mary Murphy, Uasal (Comhpháirtíocht Áitiúil na Mí) (1)	Siún Smith, Uasal (Comhairle na nÓg na Mí)	Comhalta Neamh-Bhoird
Sheola Boshell (Comhairle na nÓg na Mí), Uasal	Sheola Boshell (Comhairle na nÓg na Mí), Uasal	Comhalta Neamh-Bhoird
	An tUasal Shane Kerr (Comhairle na nÓg Lú)	Comhalta Neamh-Bhoird

Tabhair faoi deara: 1. Chomhairligh Mary Murphy, Uasal gan an post a ghlacadh.

Bronntanais, Iontaobhais agus Scoláireachtaí

Ballraíocht in 2024 faoi Bhord Nua	Ballraíocht in 2024 faoin mBord Roimhe Seo	
Lean éileamh an tionscail ar scileanna digiteacha feabhsaithe in 2024. Léiríodh é seo i méadú ar an Margaíocht Dhigiteach in 2024. Seachadadh cúrsaí i Microsoft Excel agus i gCuir i Láthair Ghairmiúla mar chúrsaí Bhealach 1 d'fhostóirí incháilithe. Ba réimsí eile iad Scileanna Fáiltithe agus Oifige Túslíne a raibh éileamh níos mó orthu chomh maith le cúrsaí Párolla agus Leabharchoimeádta. Tá éileamh leanúnach ar chúrsaí atá sainiúil don chúram sláinte, amhail Scileanna Cúraim, Cúram Daoine Scothaosta, Cosc agus Rialú Ionfhabhtaithe, Forbairt Ghairmiúil Phearsanta, Taithí Oibre, Éifeachtúlacht Phearsanta, Míchumais Intleachtúla agus Cúram Maolaitheach, chun freastal ar uasoiliúint agus ar athrú riachtanas gairme. I réimse na Scileanna Glasa, sheachaid an fhoireann Scileanna le Dul Chun Cinn Inbhuanaitheacht Chomhshaoil Leibhéal 5 DCCÉ san Ionad Oibre agus Éifeachtúlacht Acmhainní Leibhéal 5 DCCÉ san Ionad Oibre. In 2024, cuireadh cúrsaí áilleachta ar nós Cóireálacha Cúraim Craicinn, Súile agus Smideadh, Reifléacseolaíocht, Iompar Gairmiúil agus Feasacht Ghnó a chur in oiriúint go sonrach do ghairmithe laistigh den tionscal áilleachta agus seachadadh dóibh iad.

Tar éis dul i dteagmháil leis an tionscal le linn 2024, lean foireann STA ag tabhairt faoi mhéadú leanúnach ar an éileamh ar Chláir Bhainistíochta, lena n-áirítear Bainistíocht AD, Bainistiú Daoine, Tús a chur le do Bhainistíocht Maoirseachta Gnó féin, Aitheantas ar Riachtanais Oiliúna agus Seachadadh & Meastóireacht Oiliúna.

Lean an Fhoireann Rannpháirtíochta Fostóirí ar aghaidh ag idirchaidreamh le fostóirí chun na roghanna oiliúna atá ar fáil a leathnú, chomh maith le réitigh oiliúna saincheaptha a sholáthar i ndiaidh Anailís agus comhairliúchán ar Riachtanais Oiliúna.

Cláir Scileanna Glasa

In 2024, thairg Scileanna le Dul Chun Cinn suas le 100% de chúrsaí Oiliúna i Scileanna Glasa a bhí an-tairbheach do chomhlachtaí a raibh strus airgeadais orthu agus brú ar a mbuiséid oiliúna. Ba é an aidhm a bhí leis ná oideachas a chur ar cheannairí maidir leis an Oiliúint i Scileanna Glasa a bhí ar fáil agus tionchar a imirt ar cheannairí chun an clár oibre seo

a bhreithniú agus tús áite a thabhairt dó chun freagairt don ghéarchéim aeráide fógartha agus chun a ngnólachtaí a dhéanamh níos athléimní don todhchaí.

Chuir cláir ar nós Inbhuanaitheacht Chomhshaoil, Inbhuanaitheacht Chomhshaoil san Ionad Oibre agus Éifeachtúlacht Acmhainní d'Ionad Oibre Inbhuanaithe oiliúint ar úinéirí gnó agus ar fhostaithe maidir le coigilt costais agus laghdú uisce, rud a chuir le dul chun cinn i dtreo neodracht charbóin.

D'fheidhmigh na cúrsaí seo mar bhealach isteach chuig cúrsaí breise Scileanna Glasa amhail Geilleagar Ciorclach Leibhéal 6 DCCÉ, a chuir SOLAS i bhfeidhm go náisiúnta in 2024.

Chun eolas agus comhairle a fháil ar thionscnaimh atá dírithe ar fhostaíocht a d'fhéadfadh cabhrú le do chuideachta, déan teagmháil lenár bhfoireann Rannpháirtíochta Fostóirí ag: skillstoadvance@lmetb.ie.

Foghlaimeoirí ó Chill Sáráin Coincréite a chríochnaigh cúrsa Leibhéal 6 DCCÉ i mBainistiú Daoine, arna mhaoiniú trí Scileanna le Dul Chun Cinn BOOLM

Cláir Phrintíseachta

Taispeántas Scileanna 2024

Tá méadú ag teacht ar raon agus ar éileamh na scéimeanna printíseachta araon, rud a thugann deis do chuardaitheoirí poist foghlaim agus iad ag tuilleamh, agus a chuireann ar chumas cuideachtaí tallann nua a oiliúint ar an láthair oibre. Tá taifead láidir ag BOOLM maidir le tacú le tionscnaimh tionscail agus beartais chun aghaidh a thabhairt ar phleanáil réigiúnach agus náisiúnta agus freastal ar riachtanais an tionscail. Tacaíonn BOOLM faoi láthair le 800 cuideachta chláraithe ar fud Chontae Lú agus na Mí i bprintíseachtaí traidisiúnta ceardaíochta agus i gcláir Printíseachta faoi stiúir cuibhreannais iar-2016, idir Thógáil agus Mótarfheithiclí go TF agus Innealtóireacht.

Le blianta beaga anuas tá infheistíocht shuntasach déanta ag BOOLM chun tacú le SOLAS agus RBATNE chun cumas oiliúna a mhéadú d'fhonn fás eacnamaíoch a bhrú chun cinn, táirgiúlacht tionscail chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais aitheanta gheilleagar na hÉireann, go háirithe aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le liostaí feithimh oiliúna printíseachta a laghdú. Sheol BOOLM an chéad áis oiliúna printíseachta tiomnaithe dá leithéid i nDroichead Átha, Co. Lú i samhradh na bliana 2023, dírithe ar oiliúint printíseachta leictreachais. Le linn 2024, nocht BOOLM áis eile tiomnaithe do phrintíseacht leictreachais in Ionad Sármhaitheasa Oiliúna Ard-Déantúsaíochta (IOBFAD) i nDún Dealgan, Co. Lú.

Coláiste Dhroichead Átha

Tá Coláiste Dhroichead Átha, Ionad Printíseachta Leictrí, fós ina phríomhinstitiúid laistigh de BOOLM, atá tiomanta d'oiliúint den scoth a sholáthar don chéad ghlúin eile de leictreoirí. Le tiomantas láidir don nuálaíocht, don ghairmiúlacht agus don oideachas ardchaighdeáin, tá ról ríthábhachtach ag an ionad in oiliúint printíseachta. Agus é ag speisialú i bPrintíseachtaí Ceardaíochta Leictrí Céim 2, tá sé beartaithe ag an ionad leathnú isteach i réimsí printíseachta agus oiliúna breise go luath amach anseo. In 2024, chuir an t-ionad fáilte roimh a thríú iontógáil, rud a thug líon iomlán na bprintíseach a cuireadh faoi oiliúint go 308. Leagann an fás seo béim ar mhisean leanúnach an ionaid chun na scileanna agus an saineolas a theastaíonn uathu a thabhairt do phrintísigh chun go n-éireoidh leo i dtionscal an leictreachais.

Taobh amuigh den chroíoiliúint, sheol an tIonad Printíseachta Leictrí roinnt príomhthionscnamh in 2024 agus 2025. Áirítear orthu sin cláir tacaíochta meabhairshláinte agus feachtais feasachta sábháilteachta ar bhóithre RSA, agus iad go léir dírithe ar fholláine printíseach a chur chun cinn. Ina theannta sin, d'óstáil an t-ionad imeachtaí aoi-chainteoirí le ceannairí tionscail ó chuideachtaí is fearr cosúil le, FÉ, GARO agus Schneider Electric. Ní hamháin go gcuireann na tionscnaimh seo le cumas teicniúil printíseach, ach leathnaíonn siad a dtuiscint ar threochtaí tionscail, ag tacú le cur chuige iomlánaíoch maidir lena bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil araon.

Ionad Scileanna agus Oiliúna Réigiúnach (ISOR)

In 2024, neartaigh an tIonad Réigiúnach Scileanna agus Oiliúna (RSTC) a sheasamh mar phríomhionad oiliúna do Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET) laistigh de réigiún BOOLM. Rinne an t-ionad feidhmíocht láidir ar fud na bpríomh-mhéadrachtaí uile, agus pleanáil straitéiseach, seachadadh freagrúil clár, agus rannpháirtíocht leanúnach le foghlaimeoirí agus le fostóirí araon mar bhonn taca dó.

Bhí Printíseacht Cheardaíochta fós mar phríomhfhócas na gníomhaíochta, agus ba iad cláir i gceirdeanna Leictreacha agus Pluiméireachta a spreag rannpháirtíocht arís, rud a léiríonn freagrúlacht an ionaid do ghanntanais scileanna náisiúnta agus réigiúnacha. Go suntasach, leathnaigh RSTC soláthar i gceirdeanna ardéilimh lena n-áirítear Feistiú Píobáin, Cearpantóireacht agus Siúinéireacht, Monaraíocht Adhmaid, agus Déantúsaíocht Miotail, ag freastal go díreach ar riachtanais fostóirí, agus ag laghdú amanna feithimh.

Táthú Fíorúil – Taispeántas Scileanna 2024

Bhí seachadadh oiliúint phrintíseachta Feistithe Píopaí Céim 2 agus Céim 4 fós lárnach d'oibríochtaí an ionaid, le tacaíocht ó fhoireann teagascóirí oilte. I gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (ITDD), seachadadh Céim 4 agus 6 freisin, rud a chinntigh leanúnachas ar fud thimthriall na printíseachta iomlán. Coinníodh tacaíocht leanúnach do phrintísigh agus d'fhostóirí trí obair Oifigeach Údaraithe agus foireann riaracháin tiomnaithe RSTC.

Neartaigh RSTC a lorg coise i bprintíseachtaí nua atá ag teacht chun cinn freisin, ag tairiscint oiliúna dhíreach i gcláir ar nós Gruagaireachta agus Innealtóireacht Líonra, ag leathnú raon feidhme na hoiliúna tuilleadh chun freastal ar threochtaí tionscail atá ag athrú i gcónaí.

Shroich rannpháirtíocht fostóirí garsprioc nua in 2024, le 760 fostóir gníomhach. Neartaigh imeachtaí lena n-áirítear Céim na bPrintíseachtaí, an Taispeántas Scileanna, agus an Comórtas Scileanna Domhanda an comhoibriú idir RSTC agus an tionscal, rud a bhí mar bhonn agus mar thaca ag ról an ionaid maidir le hoideachas a nascadh le fostaíocht.

Trí Oiliúint ar Conradh, fuair foghlaimeoirí rochtain ar raon leathan deiseanna uasoiliúna, a chuimsíonn disciplíní ar nós:

- Cúram Sláinte (Leibhéal 5 DCCÉ)
- Gnó agus Airgeadas (Leibhéal 5 & 6 DCCÉ)
- Cláir Tiomána (Bus, Trucail, agus Leoraí Altach)

Thacaigh na cúrsaí seo le fás eacnamaíoch agus le haistrithe fostaíochta, go háirithe in earnálacha ina raibh ganntanas saothair, amhail iompar agus cúram sláinte.

Léiríonn éachtaí RSTC in 2024 a rialachas láidir, a chaighdeáin arda oiliúna, agus a thiomantas leanúnach do réitigh FET a bhfuil tionchar acu a sheachadadh ar fud réigiún BOOLM.

Taispeántas Scileanna 2024

Ionad Sármhaitheasa Oiliúna Ard-Déantúsaíochta (IOBFAD)

Sa bhliain 2024, chonaic IOBFAD (an tIonad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta) foireann ceannaireachta nuacheaptha, lena n-áirítear Gerard Smith mar Stiúrthóir, Andrew Magee mar Bhainisteoir Innealtóireachta agus Tógála, agus Jean Kennedy mar Bhainisteoir Eolaíochta agus TF. D'éascaigh an t-aistriú ceannaireachta seo dul chun cinn tábhachtach i bhforbairt an lucht saothair ag cur béime ar nuálaíocht agus ar inbhuanaitheacht.



Laistigh den Ionad Sármhaitheasa Oiliúna Ard-Déantúsaíocht, Dún Dealgan, Co. Lú

Éachtaí agus Tionscnaimh

Tionscnamh Priontála Tógála 3T (3DCP) - Ceann de na héachtaí is suntasaí ag IOBFAD in 2024 ná a rannpháirtíocht sa tionscnamh Priontála coincréite 3T (3DCP) ag Clós na Gráinsí i nDún Dealgan. Sa tionscadal ceannródaíoch seo, rinneadh priontáil coincréite 3T ar thrí aonad sraithe de thrí sheomra leapa (sa phictiúr thíos), rud a léiríonn céim shuntasach chun cinn don earnáil tithíochta agus do mhodhanna nua-aimseartha tógála (MMC) araon. Bhí ról ríthábhachtach ag IOBFAD BOOLM mar sholáthraí oiliúna don tionscadal tithíochta inacmhainne seo, ag uasoiliúint agus ag athoiliúint 30 oibrí, á n-ullmhú do thodhchaí na tógála 3DCP. Ní hamháin gur léirigh an tionscadal seo teicnící tógála nuálacha, ach chuir sé oiliúint riachtanach ar fáil freisin chun freastal ar éilimh an tionscail atá ag teacht chun cinn.

Tithe Priontála Coincréite 3T (3DCP) ag Clós na Gráinsí, Dún Dealgan. Cuireadh tús le tógáil na dtrí theach i mí na Bealtaine 2024 agus críochnaíodh iad i mí na Samhna 2024

Leathnú ar Chláir Oiliúna MMC - Chuir IOBFAD a thairiscintí oideachais chun cinn tuilleadh trí chúrsaí a chur ar fáil i Samhaltú Faisnéise Tógala 4T (BIM) agus AutoCAD. Chríochnaigh 24 foghlaimeoir na cúrsaí seo a bhain le MMC, rud a thug eolas ardleibhéil dóibh ar theicnící tógála nua-aimseartha. Ina theannta sin, cuireadh tús le cúrsa DCCÉ Leibhéal 6 a fhorbairt in MMC, a raibh sé mar aidhm aige ról lárnach a imirt maidir le hoiliúint don lucht saothair tógála amach anseo a mhúnlú.

Printíseacht Róbataic agus Uathoibrithe - I R4 2024, tugadh cead do BOOLM Printíseacht Leibhéal 6 i Róbataic agus Uathoibriú a fhorbairt agus a thairiscint. Tá obair ar siúl i gcónaí mar ullmhúchán do sheoladh an chláir le BOOLM mar sholáthraí comhordaithe don phrintíseacht cheannródaíoch seo. Cuirfidh an phrintíseacht réimse leathan scileanna agus inniúlachtaí teicniúla ar fáil do theicneoirí róbataice sa tionscal. Tá soláthar foirne an chláir fós ar siúl ach nuair a bheidh an obair ullmhúcháin ar fad críochnaithe, tá súil ag BOOLM foghlaimeoirí a chlárú don chlár i R4 2025.

Printíseacht Teicneolaíochta Inbhuanaithe Ard-Tógála (ACSTA) - I dtionscadal atá ag céim an iarratais faoi láthair, déanfar printíseacht a fhorbairt atá tiomnaithe do Mhodhanna Tógála Nua-Aimseartha. Is Printíseacht FET uile-oileáin í seo a fhorbrófar mar fhreagairt ar an éileamh ar scileanna i ngairmeacha ardfháis san earnáil ard-tógála agus sa timpeallacht thógtha inbhuanaithe.

Beidh dhá mhodh seachadta malartacha sa phrintíseacht:

Oiliúint ar an Láthair Oibre

Caithfear an chéim seo, ag fáil taithí phraiticiúil in áis an fhostóra, arna comhlánú leis an tacaíocht theicniúil ghaolmhar d'fhás gairmiúil leanúnach agus d'fhorbairt scileanna le hidirghníomhaíocht leanúnach rialta leis na teagascóirí oiliúna, lena n-áirítear tuairiscí mac léinn ar a ndul chun cinn agus cleachtaí/tástálacha ar líne.

Oiliúint Lasmuigh den Láthair Oibre

Cuireann na céimeanna seo foghlaim phraiticiúil, bunaithe ar thionscadail ar fáil in Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta (IOBFAD) BOOLM i nDún Dealgan, Éire agus i gColáiste Réigiúnach an Deiscirt (CRD) in Iúr Cinn Trá, Tuaisceart Éireann.

Seachadfar an ASCTA thar thimthriall 2 bhliain.

- Bliain 1: 50% Ar an láthair oibre / 50% Lasmuigh den láthair oibre
- Bliain 2: 60% Ar an láthair oibre / 40% Lasmuigh den láthair oibre

Aistriú oifigiúil ar thithe priontáilte coincréite 3T ag Clós na Gráinsí

Oiliúint ar fud earnálacha éagsúla - Le linn 2024, chuir IOBFAD oiliúint ar fáil do **1,977 foghlaimeoir** ar fud raon éagsúil clár. Áiríodh leis seo:

- Cláraíodh **1,412 foghlaimeoir** i gcláir Scileanna le Cur Chun Cinn (STA).
- **70 printíseach** i gCéim 2 den Leictreachas.
- **16 foghlaimeoir** i gCibearshlándáil (Leibhéal 6).
- **47 oiliúnaí** i gcláir speisialaithe.
- **432 foghlaimeoir** páirteach i dtionscnaimh oiliúna éagsúla eile.

Sheol IOBFAD tionscnaimh freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna sonracha, lena n-áirítear cúrsa táthú róbatach d'iarrthóirí RCS (An Roinn Coimirce Sóisialaí) agus an Dámhachtain Sainchuspóra DCCÉ Leibhéal 6 Úsáid a bhaint as Róbataic in Ard-Déantúsaíocht (URAM), ag díriú ar róbataic agus uathoibriú in ard-déantúsaíocht.

Cúrsaí Inbhuanaitheachta agus Comhshaoil - Mar fhreagra ar an éileamh méadaitheach ar chleachtais inbhuanaithe sa déantúsaíocht, d'fhorbair IOBFAD sraith cúrsaí atá dírithe ar inbhuanaitheacht. Seoladh na cúrsaí seo tríd an mbealach Micrea-Cháilíochtaí, agus cuireadh tús leo i bhFómhar na bliana 2024. Ina theannta sin, tá cúrsaí breise dírithe ar inbhuanaitheacht faighte ag IOBFAD faoin tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn (STA), atá sceidealaithe le seachadadh in 2025. Tá na hiarrachtaí sin ailínithe le tiomantas IOBFAD tacú le tionscail atá ag aistriú i dtreo cleachtais níos inbhuanaithe agus déantúsaíochta atá feasach ar an gcomhshaol.

For-rochtain agus imeachtaí níos leithne

- **Clár Conairí Scoileanna FET:** Lean IOBFAD ar aghaidh ag neartú a ról i bhforbairt tallainne trína Chlár Conairí Scoileanna FET, a leathnaíodh in 2024. Chuaigh an clár seo i gcomhpháirtíocht le scoileanna i dTuaisceart Éireann, i gContae Chiarraí, agus leis na 17 scoil a bhí páirteach cheana féin i Lú agus sa Mhí, rud a chabhraigh leis an mbearna scileanna a líonadh agus scoláirí a ullmhú d'lucht saothair na todhchaí.

- **Imeachtaí Inmheánacha agus Seachtracha:** Reáchtáil IOBFAD 24 imeacht inmheánach i rith na bliana, lena n-áirítear searmanais bronnta céime agus buaic-chúrsaí, ag ceiliúradh éachtaí na bhfoghlaimeoirí. Ina theannta sin, eagraíodh roinnt ceardlann faisnéise oiliúna chun feasacht a mhúscailt faoi chúrsaí oiliúna, printíseachtaí, agus deiseanna forbartha scileanna. Bhí sé mar aidhm ag na ceardlanna seo rochtain ar ghairmoiliúint agus ar chonairí gairme a fheabhsú in earnálacha éagsúla.

Bhí dea-ionadaíocht ag IOBFAD freisin ag **10 imeacht lasmuigh den láthair**, lena n-áirítear taispeántais agus siompóisiam ardphróifíle amhail WorldSkills, Déantúsaíocht agus Slabhra Soláthair, imeachtaí Chónaidhm Thionscal na Tógála (CIF), agus eile. D'fheidhmigh na himeachtaí lasmuigh den láthair seo mar ardáin do IOBFAD chun a gcuid oibre a thaispeáint, dul i ngleic le ceannairí tionscail, agus aird a tharraingt ar thábhacht a chláir oiliúna chun an lucht saothair sa todhchaí a mhúnlú.

Tá an eagraíocht anois ina ceannaire san oideachas agus san oiliúint mar gheall ar an gcur chuige iomlánaíoch a ghlac IOBFAD in 2024 — cleachtais déantúsaíochta chun cinn agus inbhuanaithe a chomhcheangal le tionscnaimh oiliúna atá sainiúil don tionscal. Trína chláir éagsúla agus a chomhpháirtíochtaí straitéiseacha, tá IOBFAD ag múnlú todhchaí an oideachais, ag tiomáint nuálaíochta sa lucht saothair, agus ag freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn in earnálacha na tógála agus na déantúsaíochta ardleibhéil araon.

Feidhm Obair Óige BOOLM

Riarann BOOLM breis is €1.25 milliún in aghaidh na bliana thar ceann Aonad Gnóthaí Óige na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige do thionscnaimh oibre óige ar fud Lú agus na Mí, ag plé le daoine óga idir 10 agus 24 bliana d'aois ar fud an dá chontae. Is iad Oifigigh Óige de chuid BOOLM a riarann agus a dhéanann maoirseacht ar an maoiniú seo.

Cuimsíonn **Plean Oibre Óige BOOLM 2023-2025** na spriocanna seo a leanas:

1. Soláthar oibre nua agus reatha don aos óg a fheabhsú agus tacú leis.
2. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chothabháil agus a fhorbairt le heagraíochtaí ábhartha chun torthaí níos fearr a bhaint amach don aos óg.
3. Rochtain ar sheirbhísí don aos óg ar ardchaighdeán a chur chun cinn le béim ar leith ar an aos óg nach gcloistear agus a imeallaítear go minic.
4. Rochtain ar sheirbhísí don aos óg ar ardchaighdeán a chur chun cinn le béim ar leith ar an aos óg nach gcloistear agus a imeallaítear go minic.

UBU – Is é Do Spás d'Áit an phríomhscéim le haghaidh soláthar spriocdhírithe oibre óige faoi stiúir foirne maidir le tionscadail lasmuigh den scoil. Riarann BOOLM maoiniú do 6 UBUanna i Lú agus 3 sa Mhí. Cuireann tionscadail UBU tacaíochtaí lasmuigh den scoil ar fáil do dhaoine óga imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó leochaileacha ina bpobail, chun cur ar a gcumas cúinsí díobhálacha a shárú agus a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Chomh maith lenár gcuid oibre le UBUnna, lean Seirbhísí Oibre Óige BOOLM ar aghaidh ag comhordú agus ag soláthar réimse tacaíochtaí agus seirbhísí lenar féidir tionscadail, cláir agus seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh i réimsí spriocdhírithe, i gcomhpháirt le hEagraíochtaí Óige deonacha le linn 2024 – 41 chlub i Lú agus 47 i gContae na Mí. Tá sé mar aidhm ag na tionscnaimh oibre óige seo a fhaigheann cúnamh deontais forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga a éascú chun a n-acmhainneacht a bhaint amach agus an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí is gá a thabhairt dóibh chun tabhairt faoi ghníomhartha a fhreagraíonn dá mianta féin agus chun freagrachtaí a ghlacadh laistigh dá bpobail áitiúla. Chomh maith leis an scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla, d'eisíoc BOOLM comhtháthú agus miondeontais ar fud na hearnála.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Sheirbhísí Óige BOOLM:

- Cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil do na heagraíochtaí Oibre Óige agus do Chlubanna/Grúpaí faoi stiúir Oibrithe Deonacha i Lú & sa Mhí
- Deontais a bhaineann leis an óige a riaradh ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) agus gníomhaireachtaí reachtúla eile
- An Creat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta (CCCN) d'Obair Ógra a chur i bhfeidhm
- Páirt a ghlacadh in obair Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Lú agus na Mí (CYPSC)
- Páirt a ghlacadh i gCoistí nó i nGrúpaí eile a bhaineann leis an Óige
- Tacú le Coiste Oibre Ógra Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí chun comhairle agus moltaí a thabhairt maidir le feidhmiú fheidhmeanna oibre óige an Bhoird Oideachais agus Oiliúna
- Próifíliú ceantair a chur i gcrích, anailís ar riachtanais óige agus riachtanais seirbhíse a fhorbairt

Tacaíonn Coiste Oibre Óige BOOLM le cur i bhfeidhm Phlean Oibre Óige 2023-2025 a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go n-éireoidh leis an BOO ina fhreagrachtaí chun tacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí oibre don aos óg i réigiún Lú agus na Mí.

Maoiniú a Riaradh in 2024:

Scéim UBU D'Áit Do Spás

Mar a mhínítear thuas, ligeann Scéim UBU D'Áit Do Spás d'eagraíochtaí maoinithe seirbhísí óige atá dírithe ar dhaoine óga, pobalbhunaithe agus lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu.

UBU 2024 Leithdháileadh na Bliana Iomláine: **€865,183**

Tá naoi dtionscadal UBU faoi riaradh BOOLM:

- Ionad don Aos Óg Dhún Dealgan - Neamhspleách
- Craobh Rua – Obair d'Ógra Éireann (OÓÉ) Lú
- Diméin an Choscaigh – OÓÉ Lú
- Tionscadal Óige an Taoibh Theas - OÓÉ Lú
- Cumann Peile na hÉireann, Peil sa Phobal - CPÉ
- Caifé Óige Boomerang - Neamhspleách
- Óige na Mí le Chéile - OÓÉ na Mí
- An Uaimh Thiar - OÓÉ na Mí
- Tionscnamh Óige 'Involve' - Tionscnamh Náisiúnta 'Involve' don Lucht Siúil

Ciste Imeasctha Imirceach (Deontas na hÚcráine)

Leithdháileadh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige: €134,935 do BOO Lú agus na Mí

Bhí trí fhaighteoir déag a fuair Tacaíochtaí Deontais Imeasctha do Dhaoine Óga

(Imircigh) na hÚcráine in 2024:

- 4 UBU Is é Do Spás d'Áit: €121,753.41
- 9 Chlub Óige: €11,865
- Fógraíocht na scéime: €1,316.59

Caiteachas Iomlán in 2024: **€134,935**

Tionscnamh Tacaíochta Spriocdhírithe d'Infhostaitheacht don Aos Óg. Is scéim trí bliana í seo.

Leithdháileadh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige: **€45,000** (bliain 1) (leithdháileadh pro rata de **€30,000 bronnta + €5,000 i gcostais bhunaithe**) agus **€60,000** in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin. Bhí faighteoir amháin ceadaithe don scéim seo.

Caiteachas iomlán in 2024: **€35,000**

Ciste Athléimneachta agus Éifeachtachta

Leithdháileadh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige: **€16,000.00** do BOO Lú agus na Mí**.** Bhí seisear faighteoirí na scéime seo ann

Caiteachas Iomlán in 2024: **€16,000**

Deontas na gClub Óige Áitiúla (LYCGS)

Tacaíonn Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla le gníomhaíochtaí club/grúpa óige faoi stiúir oibrithe deonacha ag leibhéal áitiúil trí chúnamh deontais a chur ar fáil i dtreo na gcostas a bhaineann le clubanna/grúpaí a reáchtáil. Is é príomhfhócas na Scéime ná cabhrú le clubanna/grúpaí óige áitiúla faoi stiúir oibrithe deonacha a chuireann clár gníomhaíochtaí oibre don óige ar fáil do dhaoine óga.

Leithdháileadh RLCMLÓ ar LYCGS**: €166,708**

- Lú - 41 Club - leithdháileadh iomlán: €75,759.30
- Na Mí - 47 Club - leithdháileadh iomlán: €87,967.02
- Líon iomlán na n-oibrithe deonacha: 1,066 (Lú: 478; An Mhí: 588)
- Líon iomlán na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar chlubanna óige (10-21 bl.): 3,671 (Lú: 1,871; An Mhí: 1,800)

I measc bhuaicphointí do Sheirbhísí Oibre Óige in 2024 tá:

- Seoladh plean nua Obair Óige BOOLM i mí an Mhárta.
- D'éirigh LE Timthriall UBU 2 a chur i bhfeidhm agus tá sé ar siúl anois.
- Reáchtáladh Lá Ceiliúrtha Obair Óige BOOLM ar an 1 Samhain le rannpháirtíocht ó Dhaoine Óga agus ó Oibrithe Óige ar fud Lú agus na Mí. Léirigh an ócáid dea-chleachtas ar fud na hearnála agus bhí ceol beo, físeáin agus cur i láthair san áireamh.

BOOLM ag comhdháil BOOÉ Youth Work Matters, Meitheamh 2024

- Thionóil an tOifigeach Óige agus mhaoinigh Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha Southside Voices, grúpa stiúrtha ilghníomhaireachta a bhaineann le tionscnaimh mheabhairshláinte óige agus athléimneachta pobail. Chríochnaigh sé a théarma agus tá grúpa comhairleach nua tagtha ina áit do Theach Pobail Fhorbairt Áitiúil Lú i Ráth Maoláin, Droichead Átha.
- Seirbhísí Óige BOOLM agus ceann dár n-UBUnna i láthair ag comhdháil náisiúnta Youth Work Matters.
- Tionscnamh Spriocdhírithe Tacaíochta Infhostaitheachta don Aos Óg bronnta ar cheann dár N-UBUnna agus atá ar siúl anois.
- D'eagraigh Seirbhísí Óige BOOLM oiliúint d'Oibrithe Óige i TFC agus sna meáin shóisialta do 17 Oibrí Óige agus oiliúint HACCP do 20 Oibrí Óige ar fud an dá chontae.
- Féile Youth Connect 2024 - Bhí ionadaíocht ag Seirbhísí Óige BOOLM ar an ngrúpa stiúrtha do mhórthaispeántas ar sheirbhísí óige agus pobail i gceantar Dhroichead Átha a mheall na mílte duine i láthair ar an lá.

Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Cuireann an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochtúil (TFE) tacaíocht riaracháin ar fáil do scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí ar fud gach suíomh BOOLM. Tugann sé seo deis d'oideachasóirí agus d'oiliúnóirí díriú ar sheirbhísí díreacha a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, rud a chinntíonn eispéireas foghlama ar ardchaighdeán. Cuirtear tacaíocht riaracháin ar fáil don Bhord trí TFE freisin. Déantar na freagrachtaí seo a sheachadadh trí roinnt feidhmeanna, eadhon, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadas, AD, TFC, Párolla agus Tionscadail Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Tá an stiúrthóireacht freagrach freisin as Music Generation i Lú agus sa Mhí araon agus as an tacaíocht riaracháin do Bhord Chur i bhFeidhm Dhroichead Átha.

Staitisticí maidir le hÍocaíochtaí

Cineál Íocaíochta	Rith Íocaíochta					Idirbhearta				
	2024	2023	2022	2021	2020	2024	2023	2022	2021	2020
Creidiúnaithe	96	90	94	72	61	26,707	26,626	24,231	18,292	19,256
Creidiúnaithe RSTC	-	39	48	48	54	-	829	894	677	753
Printíseacht	26	26	26	9	22	14,126	11,750	8,403	3,475	2,350
Taisteal & Cothú	11	11	11	11	11	932	1,030	677	310	310
Liúntais SDOG	51	51	51	53	53	5,039	4,031	2,996	2,206	2,660
Liúntais Ógtheagmhála	51	51	51	53	53	10,097	9,535	8,267	7,234	9,021
Liúntais Oiliúna RSTC	51	51	77	89	74	9,734	8,638	13,972	13,642	15,450

Cloí nó Mínigh

D'fhéadfadh údar a bheith le díolúintí ó na forálacha sonracha sa Chód Cleachtais i gcásanna áirithe ar choinníoll gur féidir cuspóirí na bhforálacha sin a bhaint amach le bearta rialachais eile. Má tá sé i gceist ag bord gan foráil den Chód a leanúint, ní mór an cinneadh seo agus míniú mionsonraithe a chur san áireamh i dtuarascáil an Chathaoirligh. Cuirtear tuarascáil an Chathaoirligh don bhliain 2024 ar fáil don Aire leis an tuarascáil seo.

Táillí nach mbaineann le tuarastal a íoctar le comhaltaí boird

Tá sonraí faoi na táillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith comhaltaí an Bhoird a ndéantar anailís orthu de réir catagóire táillí san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Beartais BOOLM

Thug an Bord na beartais BOO seo a leanas faoi deara le linn 2024:

1. Beartas Meán Sóisialta BOOLM - Beartas Nua
2. Ráiteas Beartais ar Nochtadh Leasanna Comhaltaí - Nuashonraithe
3. Ráiteas Beartais maidir le Nochtadh Leasanna Foirne - Nuashonraithe
4. Beartas Soláthair BOOLM - Nuashonraithe
5. Beartas maidir le Bronntanais, Iontaobhais agus Scoláireachtaí - Nuashonraithe
6. Ráiteas BOOLM maidir le Comhionannas agus le Cearta an Duine - Ráiteas Nua

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ag an gcruinniú ar an 2024 21 Márta 2025. Ag an gcruinniú seo, chinn an Coiste gur oibrigh córas rialaithe inmheánaigh BOOLM go héifeachtach le linn na tréimhse tuairiscithe (2024) agus go dtugann an córas tuairiscithe inmheánaigh rabhadh luath maidir le teipeanna rialaithe inmheánaigh agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus mhol sé go ndéanfadh an Bord an dréacht-Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh a fhaomhadh.

Soláthar

Is éard is Soláthar Poiblí ann ná oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí Comhlachtaí Poiblí, lena n-áirítear BOOLM, cibé acu faoi chonradh foirmiúil nó nach ea. Cuimsíonn sé gach rud ó cheannach soláthairtí nó seirbhísí laethúla go tairiscint fhoirmiúil agus conarthaí a bhronnadh le haghaidh mórthionscadail bonneagair.

Oibríonn BOOLM leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), Seirbhísí Soláthair Oideachais (SSO) agus BOOÉ chun oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a sholáthar. Cuidíonn sé seo le deireadh a chur le dúbailt agus luach ar airgead a chinntiú. Cinntíonn sé freisin go mbaintear leas as an saineolas agus as an taithí soláthair atá ann agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach é maidir le gach gníomhaíocht soláthair.

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as soláthar réimse leathan earraí agus seirbhísí do scoileanna agus d'ionaid faoi chúram BOOLM. Tá réimse leathan earraí i gceist, ó threalamh speisialaithe d'Ionaid Bhreisoideachais & Oiliúna go trealamh, troscán, seirbhísí lónadóireachta, leabhair scoile etc. do Scoileanna chomh maith le tairiscintí oibríochtúla ginearálta. Leagtar amach sa tábla thíos líon na dtairiscintí a arna mbainistiú Seirbhísí Corparáideacha thar thréimhse 3 bliana ó 2022 go 2024.

Áirítear leis na figiúirí comórtais oscailte a fhoilsítear ar ardán r-Thairiscintí os cionn agus faoi bhun na dtairseach Eorpach atá faoi láthair €221,000, mionchomórtais a reáchtáiltear trí chreataí OSR, SSO agus HEAnet agus comórtais áitiúla a reáchtáiltear faoi na nósanna imeachta Iarratas ar Luachan. Áirítear leis freisin líon na gconarthaí a shíneann BOOLM go bliantúil.

Reáchtáil an Rannóg CES seisiúin oiliúna do bhaill foirne ábhartha maidir le cúrsaí soláthair in 2024 chun tuiscint ar phróisis agus nósanna imeachta soláthair ar fud BOOLM a chinntiú.

	2024	2023	2022
Líon na dTairiscintí a fógraíodh ar r-Thairiscintí (Náisiúnta)	16	19	34
Líon na dTairiscintí a fógraíodh ar OJEU	8	11	8
Líon na Mionchomórtas trí OSR/SSO/HEAnet	4	4	4
Tarraingt Anuas Díreach	11	8	18
Iarratas ar Luachana	13	2	5
Líon na gConarthaí a leathnaíodh	83	109	44
Iomlán	**135**	**153**	**113**

*** Nuashonraíodh na figiúirí thuasluaite chun soláthar earraí agus seirbhísí amháin a léiriú.**

Árachas

Tá sonraí a bhaineann le líon na n-éileamh árachais a bhainistigh BOOLM don tréimhse 2020 - 2024 ar fáil sa tábla thíos

Bliain	Éilimh Nua	Éilimh Shocraithe	Éilimh Ghníomhacha	Iomlán
2024	2	1	14	**17**
2023	3	3	13	**19**
2022	3	4	15	**22**
2021	0	9	14	**23**
2020	5	10	23	**38**

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá BOOLM tiomanta do thimpeallacht shábháilte a sholáthar do bhaill foirne, do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí agus do chách a bhaineann leas as a gcuid seirbhísí. D'eagraigh an Roinn CES oiliúint de réir mar is gá do bhaill foirne BOOLM i rith 2024. Leagtar amach sa tábla thíos na timpistí/teagmhais a tuairiscíodh don Roinn CES de chuid ETF chomh maith leis an líon a tuairiscíodh don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) do na blianta 2019 - 2024.

Bliain	Líon a tuairiscíodh don Roinn CES	Líon a tuairiscíodh don ÚSS
2024	585	39
2023	659	67
2022	407	27
2021	211	10
2020	50	2
2019	187	9

Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta trí chigireacht in 2024. Is laghdú é seo ó cheithre cinn in 2023 agus aon cheann déag in 2022.

Bainistíocht Riosca

Rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí an BOO in 2024. Bhí bainistíocht riosca mar mhír sheasmhach ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus cruinnithe Boird i rith na bliana.

Rinneadh athbhreithniú fairsing ar an gClár Riosca in 2024 chun rioscaí eagraíochtúla BOOLM a ailíniú níos dlúithe lena Phlean Straitéiseach. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, sainaithníodh líon méadaithe rioscaí. Leagtar amach sa tábla thíos líon na míreanna riosca a sainaithníodh ar an gClár Rioscaí Corparáideacha de réir leibhéal an riosca.

	Míreanna Ardriosca	Míreanna Riosca Meánach	Míreanna Riosca Íseal	Iomlán
2024	4	28	10	42
2023	9	13	3	25
2022	10	14	2	26
2021	10	13	2	25
2020	9	14	2	25

I measc na mbeart a cuirtear i bhfeidhm mar fhreagairt ar riosca tá árachas, oiliúint, cur i bhfeidhm rialuithe inmheánacha breise, idirchaidreamh leis an Roinn Oideachais agus SOLAS, forbairt agus cur i bhfeidhm beartais leanúnach, neartú foirne i bpríomhréimsí nuair is féidir agus cur i bhfeidhm moltaí iniúchóireachta.

Bronntanais, Iontaobhais agus Scoláireachtaí

Foráiltear le hAcht BOO 2013 gur feidhm fhorchoimeádta de chuid an Bhoird é bronntanais, iontaobhais agus scoláireachtaí a cheadú. Bunaíodh an Coiste Bronntanais, Iontaobhais agus Scoláireachtaí i mí Eanáir 2019 chun cabhrú leis an mBord an fheidhm seo a chomhlíonadh agus tacaíonn an Roinn CES leis.

Ceanglaítear le hAlt 29 d'Acht 2013 nach mór do BOO sonraí a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil faoi aon bhronntanas lena nglactar os cionn méid atá sonraithe ag an Aire Oideachais. Is é an tuiscint atá ag BOOLM ná nach bhfuil aon mhéid sonraithe ag an Aire go fóill agus gur chóir bronntanais de mhéid ábhartha a chur san áireamh sa tuarascáil bhliantúil. Ag an gcruinniú a bhí aige ar an 10 Eanáir 2019, rith Bord BOOLM rún go nochtfaí bronntanais os cionn suim €5,000 sa tuarascáil bhliantúil.

Fuarthas ceithre bhronntanas dá leithéid in 2024:

- Scoláireacht ar luach €24,000 ag Fondúireacht Naughton d'iar-scoláire de chuid Choláiste Pobail Naomh Oilibhéar
- Síntiús de €5,000 ag MRP Investment & Development Limited do Choláiste Beaufort

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Scéim Teanga Oifigiúil /Official Language Scheme 2021-2024

Tá BOOLM tiomanta d'fheidhmiú na dtiomantas atá ina Scéim Theanga. In 2021, rinne an tUas. Jack Chambers T.D, Aire na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán Scéim Theanga Oifigiúil BOOLM 2021-2024 a fhaomhadh. Tá BOOLM ag leanúint den chomhoibriú dlúth leis an gCoimisinéir Teanga chun go gcomhlíonfar na riachtanais uile atá inár Scéim Theanga. I measc na riachtanas seo tá feabhsú seirbhíse trí mheán na Gaeilge don phobal. Cheap BOOLM Gaelchultúr mar an soláthraí oiliúna d'aon bhall foirne riaracháin ar suim leo dul i mbun 'Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil' atá creidiúnaithe ag QQI. Le linn 2024, chuir dháréag den fhoireann riaracháin leibhéil éagsúla QQI den 'Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil' i gcrích le Gaelchultúr. Is oiliúint luachmhar í seo agus d'aidhm léi acmhainn BOOLM seirbhís trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus is léiriú é ar dhíograis bhaill foirne BOOLM an Ghaeilge a chur chun cinn ar an láthair oibre. Leanfar den oiliúint seo a chur ar fáil ar bhonn bliantúil do bhaill foirne riaracháin agus de rogha acu dul chun tosaigh i dtreo Teastas QQI Leibhéal 6. Ó 2021 i leith, tá an oiliúint seo curtha i gcrích ag 50 ball foirne san iomlán.

LMETB is committed to implementing the commitments it entered into in its Language Scheme. LMETB's Official Language Scheme for 2021-2024 was approved in 2021 by the Minister of the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, Mr. Jack Chambers T.D. LMETB continues to liaise closely with An Coimisinéir Teanga to work towards meeting all requirements in our Language Scheme. One requirement is the improvement of a service through Irish to members of the public. LMETB procured Gaelchultúr as the training provider for any administrative staff interested in undertaking a QQI accredited 'Certificate in Professional Irish.' During 2024, twelve administrative staff completed various QQI levels of the 'Certificate in Professional Irish' with Gaelchultúr. This is valuable training with a view to developing LMETB's capacity to provide a service through Irish and is a testament to the enthusiasm of staff in LMETB to promote the Irish language in the workplace. This training will continue to be available annually to administrative staff with an option to progress towards a QQI Level 6 Certificate. Since 2021, a total of 50 staff members have completed this training.

Sa bhliain 2024, reáchtáil Stiúrthóir ETF cruinnithe ráithiúla le baill den Roinn CES chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcur i bhfeidhm Scéim Teanga BOOLM. Tugann an cruinniú seo deis athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn go dtí seo agus gníomhartha cuí a aithint chun leanúint de bheith ag ardú feasachta i measc fhoireann BOOLM ar ghnéithe ar leith den scéim. Leanfaidh BOOLM ar aghaidh ag déanamh teagmhála agus idirghníomhaíochta maidir leis na gealltanais faoin scéim.

Comhionannas agus Cearta an Duine in Éirinn

Ceanglaítear le Cuid 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, gur gá do Chomhlachtaí Poiblí tabhairt faoi phróiseas chun saincheisteanna maidir le comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc agus na saincheisteanna sin a Mheas, a Thuairisciú, agus Aghaidh a thabhairt orthu, thar gach réimse feidhmeach de BOOLM. In 2024, rinne BOOLM athbhreithniú ar bheartais atá ann cheana a bhaineann le réimsí na hÉagsúlachta, Cuimsithe agus Comhionannais agus chruthaigh sé ardáin chomhairliúcháin chun measúnú a dhéanamh ar thaithí saoil na bhFoghlaimeoirí Foirne agus FET ar Idirdhealú agus Míchumas i dtimpeallacht BOOLM. Beidh na heispéiris mhaireachtála seo mar chuid den phróiseas measúnaithe, seolta agus tuairisce. Rinne BOOLM athbhreithniú ar an mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe ina iomláine chun léiriú a thabhairt ar Dhualgas na hEarnála Poiblí agus ar chleachtais reatha BOOLM. D'fhoilsigh BOOLM Ráiteas Comhionannais agus Cearta an Duine ar shuíomh gréasáin BOOLM agus tá sé i gceist aige Tuarascáil Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí a fhoilsiú i Ráithe 1 de 2025. Cuirfidh an tuarascáil faisnéis agus sonraí breise ar fáil maidir leis na torthaí ó chéimeanna an Athbhreithnithe, an Mheasúnaithe agus an Tuairiscithe, mar aon le plean gníomhaíochta do 2025. Chomh maith leis an dul chun cinn a rinneadh thuas, rinne BOOLM dul chun cinn suntasach maidir le hinrochtaineacht freisin. Cheap an BOOLM Oifigeach Rochtana chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh inrochtaineachta faoin Acht um Míchumas 2005. Cruthaíodh agus foilsíodh Ráiteas Inrochtaineachta trí shuíomh gréasáin BOOLM. Cuireadh Oiliúint um Fheasacht faoi Mhíchumas ar fáil do bhaill foirne ag an Tionscnamh Doirse Oscailte, agus mar chuid dár dtionscnamh feasachta ar Aosú, cuireadh Pleanáil Scoir ar fáil do bhaill foirne a bhí ag smaoineamh ar scor. Bhuail BOOLM le Seirbhísí Infhostaitheachta áitiúla i Lú agus sa Mhí chun forbhreathnú a thabhairt ar ár seirbhísí, agus chun seasamh BOOLM mar fhostóir comhdheiseanna agus lánchuimsitheach a chur i gcuimhne do chomhordaitheoirí na seirbhísí, ag fáiltiú roimh iarratais poist ó iarrthóirí atá cáilithe go cuí chuig poist fholmha laistigh den BOO. Leanfaidh Monatóireacht Inrochtaineachta ar ár suíomh gréasáin agus ar ár bhfeidhmchláir shoghluaiste ar aghaidh go dtí 2025 mar chuid dár gcomhlíonadh le Treoir Inrochtaineachta gréasáin an AE 2025. Tá BOOLM fós tiomanta go hiomlán do dheireadh a chur le hidirdhealú, agus comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn ar fud gach réimse dár seachadadh seirbhíse.

Nochtuithe Cosanta

Seoladh an tuarascáil bhliantúil ar nochtadh cosanta i leith 2024 chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin BOOLM an 13 Eanáir 2025.

Bliain	2024	2023	2022	2021	2020
Líon.	0	0	0	0	0

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Cineál Tionscadail	2024	2023	2022	2021	2020
Mórthionscadail	29	28	29	24	28
Aga fónaimh an chórais (est.)	99.0%	99.0%	99.0%	99.0%	99.0%
Ceisteanna ón deasc chabhrach á mbainistiú	7,517	7,458	7,279	7,669	6,463

Tuarascáil TFC 2024

In 2024, chuir Roinn TFC BOOLM fáilte roimh bhreisfháiltiú a bhí fada ag teastáil agus thar a bheith dearfach ar an bhfoireann lánaimseartha. Is sócmhainn ollmhór don Roinn é oifigeach Sinsearach Foirne Grád VI agus tá sé ag cruthú go bhfuil sé thar a bheith luachmhar don fhoireann.

Tá ár Seirbhís bhainistithe chomhtháite TFC socraithe agus tá sí ag cruthú go bhfuil sí an-éifeachtach. Táimid muiníneach ag bogadh ar aghaidh gurbh é seo an treo ceart agus beimid i dteagmháil lenár gcomhpháirtithe Viatel chun leanúint ar aghaidh ag neartú seirbhíse agus ag tacú le teagasc agus foghlaim. Rinneamar aistriú freisin go córas nua ticéadaithe agus táimid ag baint tairbhe as feidhmiúlacht i bhfad níos fearr.

Tá go leor tionscadal déanta ag an Roinn TFC i mbliana, ina measc, tá roinnt suntasach cosúil leis an líonra a athlonnú chuig an scoil nua sa Bhóthair Bhuí, agus an líonra iomlán nua a shuiteáil do Scoil Speisialta Cara. Tá síneadh na scoile na Sceiche ag dul ar aghaidh go gasta chomh maith leis an tógáil i gColáiste na Mí, Coláiste Uí Chearbhalláin i measc scoileanna eile.

Mar thoradh ar infheistíochtaí leanúnacha a rinne an Roinn in TFC, méadaíodh a sraith gléasanna digiteacha do dhaltaí agus chuir siad gléasanna móibíleacha ar fáil do mhúinteoirí a chuireann níos mó solúbthachta ar fáil sa seomra ranga. Rinneadh infheistíocht freisin i dteilgeoirí nua agus i gCláir Bhána Digiteacha ar fud scoileanna agus ionaid.

Tugadh faoi thionscadal ollmhór chun córas MIS na scoileanna a athsholáthar go rathúil, agus rinneadh an t-ionduchtú agus an t-imscaradh i dtréimhse 4 seachtaine le haghaidh rolladh amach, forbairt agus oiliúint. Ba iarracht ollmhór é ag gach duine a bhí páirteach lena n-áirítear ár gcomhghleacaithe i Stiúrthóireacht na Scoileanna. Tá TFC BOOLM páirteach freisin leis an gcleachtadh soláthair náisiúnta chun SMIS a sholáthar don earnáil atá beagnach críochnaithe.

Bhí Cibearfholláine agus athléimneacht ina bhfócas láidir don Roinn i mbliana le hoiliúint leanúnach, feachtais feasachta agus cleachtaí for-rochtana eile ar siúl.

Tá ár mbeartais agus ár nósanna imeachta á nuashonrú go leanúnach ag an Roinn TFC freisin. Tugadh isteach foirm nua foréilimh fón póca ar líne, chuidigh muid le foirm foréilimh / ceadaithe bogearraí a fhorbairt, tá suíomhanna nua forbartha againn freisin i Modern SharePoint d'fhonn ár sonraí a aistriú chun ár n-athléimneacht cibearshlándála agus sonraí a neartú tuilleadh. Táimid ag obair freisin ar Bhainistíocht agus Cruthú Cuntais faoi láthair mar ullmhúchán do chur i bhfeidhm céimneach cheadúnú A5 do gach ball foirne i R2 na bliana seo.

Riarachán Párolla

	2024	2023	2022	2021
Tosaitheoirí taifeadta	874	828	418	435
Lucht fágála taifeadta	480	593	164	173

Iarratais ar Chreidmheas Incriminteach	42	40	46	51
Ráitis Seirbhíse	73	85	101	143
Deimhnithe Tuarastail	114	79	7	41
Líon na n-idirbheart a próiseáladh PG105 (coicísiúil)	39,012	33,239	34,970	33,361
Líon na n-idirbheart a próiseáladh PG106 (coicísiúil)	9,590	12,042	8,349	8,375
Líon na n-idirbheart a próiseáladh PG304 (PTT Míosúil)	5,994	5,820	5,630	4,920
Iomlán	56,179	**52,647**	**49,678**	**47,458**

Bainistíocht Saoire

	2024	2023	2022	2021	2020
Iarratais ar shaoire mháithreachais	116	113	133	148	127
Iarratais ar shaoire do thuismitheoirí	172	130	120	84	66
Iarratais ar shos gairme ceadaithe	39	37	31	35	39
Iarratais ar sciar den phost ceadaithe	86	84	69	58	52
Saoire Atharthachta	28	25	26	27	26
Saoire Tuismitheoirí	137	125	115	88	
Iasacht	9	7	9	11	15
Iomlán	**587**	**521**	**503**	**451**	**325**

Earcaíocht

	2024	2023	2022	2021	2020
Poist a fógraíodh	1,202*	1,291	555	577	485
Iarratais Faighte	3,892	3,300	2,939	3,165	6,087
Comórtais agallaimh ar siúl	440	402	380	331	284
Poist líonta	539	843	418	410	439
Iomlán	**6,073**	**5,836**	**4,292**	**4,483**	**7,295**

*lena n-áirítear 457 athfhógra

Pinsin

	2024	2023	2022	2021	2020	2019
Dámhachtainí pinsin	44	24	34	14	41	32

Seirbhísí do Chustaiméirí

Tá LMETB tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar dóibh siúd go léir a bhaineann leas as a sheirbhísí. Fuarthas 17 gearán le linn 2024 tríd an nós imeachta gearán seirbhíse do chustaiméirí BOOLM. Is laghdú é seo ó 27 in 2023. Caitheadh leis na gearáin faoi réir an nóis imeachta chuí do ghearáin.

Leagtar amach sa tábla thíos céatadán na ngearán a bhaineann le réimsí éagsúla BOOLM.



Music Generation

Is é Music Generation Clár Náisiúnta Oideachais Ceoil na hÉireann a athraíonn saol leanaí agus daoine óga trí rochtain a fháil ar oideachas ceoil fóirdheontaithe ar ardchaighdeán. Bunaithe ag a mháthairchuideachta Music Network, tá Music Generation á chomhmhaoiniú ag U2, Cistí na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachas Ceoil (LMEPanna).

Music Generation Lú

Ó seoladh Music Generation Lú in 2011, tá rochtain ar cheol curtha ar fáil ag na mílte duine óg go bliantúil. Tugann a chuid oibre dearcthaí agus cleachtais úra don oideachas ceoil léirithe, ag cothú ceolmhaireacht agus cruthaitheachta chun ceol a dhéanamh bríoch agus spreagúil do leanaí agus do dhaoine óga araon. Freastalaíonn gníomhaíochtaí ar réimse spéiseanna, cumais agus comhthéacsanna ceoil. Cothaíonn cláir inscoile feasacht, spéis agus rannpháirtíocht sa cheol. Tacaíonn moil cheoil i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha le deiseanna dul chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga chun a gcuid foghlama ceoil a chur chun cinn i réimse ionstraimí agus stíleanna ceoil. Cruthaíonn tionscnaimh éagsúla ensemble gné shóisialta agus chruthaitheach ríthábhachtach a thugann deiseanna chun páirt a ghlacadh i réimse eispéiris léirithe spreagúla, go háitiúil agus go náisiúnta araon.

Tá Music Generation Lú faoi stiúir an Oifigigh Forbartha Ceoil Gemma Murray, le tacaíocht ó riarthóir lánaimseartha amháin agus beirt bhall foirne acmhainne lánaimseartha. Tá an fhoireann lonnaithe i Mol Music Generation Lú i bhFoirgneamh FET ag BOOLM, Sráid an tSéipéil i nDún Dealgan.
Feidhmíonn an tsamhail airgeadais Music Generation ar bhonn maoinithe meaitseála. In 2024, b'ionann an leithdháileadh deontais bliantúil ón Roinn Oideachais mar aon le maoiniú breise tionscadail* agus thart ar 44% den ioncam iomlán. Tháinig an chuid eile den mhaoiniú in 2024 ó fhoinsí éagsúla; b'ionann táillí a fuarthas ó ghníomhaíochtaí agus 36%; b'ionann tacaíocht airgeadais ó phríomhpháirtithe leasmhara agus 8% san iomlán; Tháinig tacaíocht comhchineáil 11% agus 1% ó thacaíocht chorparáideach.

In 2024, d'fhostaigh MG Louth 18 oideachasóir ceoltóirí a chuir 20 clár ar fáil, i dteannta leis an bhfoireann acmhainní, ag teacht ar 3,625 leanbh agus duine óg. Fuarthas maoiniú breise chun roinnt tionscadal spreagúil a stiúradh mar chuid de We Are Music, scéim náisiúnta bliana a cheiliúrann turas ceoil agus cruthaitheachta Music Generation. Chuir siad seo go leor eispéiris foghlama ceoil agus deiseanna léirithe cuimhneacháin ar fáil.

Píobairí óga ag seinm le Oíche Chultúir Nasc 2024

I measc na mbuaicphointí tá Nasc, ceolfhoireann tíre réigiúnach i gcomhar le Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Music Generation na Mí agus Music Generation An Cabhán Muineachán. Faoi cheannaireacht MG Lú agus ag obair leis an ilionstraimí Lisa Canney, d'oibrigh baill de Cheolfhoireann Nasc ar feadh roinnt míonna chun saothar nua dar teideal The Circle of Life a chumadh agus a shocrú i gcomhar le chéile. Taispeánadh an píosa den chéad uair i Loch Garman mar chuid de Cheiliúradh Music Generation ag Fleadh Cheoil na hÉireann i mí Lúnasa, agus léiríodh arís é ar Oíche Chultúir in Amharclann an Gharáiste, Muineachán i mí Mheán Fómhair.

Aoi-cheoltóir Lisa Canny ag treorú léiriú ceoltóirí óga in Amharclann an Gharáiste 2024

Ar an gcaoi chéanna, ghlac MG Lú i gceannas ar thionscadal cruthaitheach a eagrú do Chomhchoiteann Cláirsí Náisiúnta Music Generation (comhoibriú le cláir chláirsí Music Generation i Lú, Maigh Eo, Laois agus Port Láirge). I gcomhar leis an aoi-cheoltóir Grainne Meyer, d'oibrigh breis is 40 cruitire óg le chéile chun sraith nua dar teideal ***Lá na Seacht Síon*** a chumadh. Léiríodh é seo ag Ceiliúradh Music Generation i Loch Garman freisin.

I saol an cheoil chlasaicigh, ba bhliain ghnóthach í freisin. Thaistil Ensemble Sinsearach Téad Music Generation Lú go Belluno agus Trieste i dTuaisceart na hIodáile i mí Lúnasa chun seinm i mbailte dúchais na stiúrthóirí Davide Forti agus Francesca De Nardi. Chomh maith leis sin, ghlac siad páirt sa dara cúrsa cónaithe samhraidh bliantúil de chuid Corda Connections i nDún Dealgan, agus sheinn siad ag imeacht ardphróifíle We are Music Generation de chuid Music Generation in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath.

*Scéim Cruthaigh, Ceiliúir, Comhoibrigh arna comhmhaoiniú ag U2, Cistí na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais.

C. Amhránaithe óga ag seinm ag ceolchoirm bhliantúil earraigh Music Generation Lú in Ionad Ealaíon An Táin, Dún Dealgan.
D. Sheinn Ceolfhoireann Shinsearach Téada Music Generation Lú ag Tearmann Nevegal ar bharr sléibhe in aice le Belluno i réigiún Veneto i dtuaisceart na hIodáile mar chuid dá gcamchuairt samhraidh 24.

Rannpháirtíocht Music Generation Lú 2020 - 2024

Music Generation Lú	2024	2023	2022	2021	2020
Líon na gClár	20	20	14	22	22
Rannpháirtíocht (Cailíní)	2213	2522	1974	1754	1756
Rannpháirtíocht (Buachaillí)	1412	1744	1316	978	1030
Rannpháirtíocht (aois bunscoile)	2894	3443	2755	1970	2140
Rannpháirtíocht (aois iar-bhunscoile)	731	823	535	762	646
Rannpháirtíocht Iomlán	**3625**	**4266**	**3290**	**2732**	**2786**

Music Generation na Mí

Faigheann Music Generation na Mí tacaíocht ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus ó Chomhairle Contae na Mí. Cuireadh tús leis an gclár i Meán Fómhair 2020, faoi stiúir an Oifigigh Forbartha Ceoil Aoife O'Connell le tacaíocht ó riarthóir lánaimseartha amháin atá lonnaithe in oifigí BOOLM, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh.

Cór Chill Dhéagláin ag canadh ag ceolchoirm Síochána Samhain 2024

Bhí teagmháil ag Music Generation na Mí le breis agus 8,000 leanaí thar réimse clár le linn 2024. Áiríodh leis seo ranganna beaga grúpa ag moil i Ráth Tó, san Uaimh agus i mBaile Átha Troim; cóir san Uaimh agus i gCill Dhéagláin; Cláir bhanna agus teicneolaíochta ceoil san Uaimh; obair in Ógtheagmháil na hUaimhe; clár giotáir i gColáiste Beaufort (maoinithe ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Mí) mar aon le cláir scoile i 26 bunscoil ar fud an chontae.

Lá na Leanaí agus na nDaoine Óga san Ionad Comhdhála i mí an Mhárta 2024

Reáchtáladh an dara leagan de Fhéile Cheoil don Ógra in 2024 chomh maith, i gcomhpháirtíocht le Sub Sounds, MG Bhaile Átha Cliath Theas, MG Chill Dara, MG Chill Mhantáin, MG Chathair Bhaile Átha Cliath agus MG Fhine Gall. Mar thoradh rath na hócáide sin, d'éirigh le MG na Mí maoiniú a fháil leis an bhféile a reáchtáil arís i rith Shamhradh 2025, agus tá súil acu an tairiscint seo a fhorbairt tuilleadh bliain i ndiaidh bliana, ar champas OT Bhaile Átha Cliath i dTamhlacht. D'oibrigh 23 Oideachasóir Ceoltóirí le MGM in 2024, agus óstáladh roinnt gairmithe ar cuairt freisin.

Rannpháirtíocht Music Generation na Mí 2020 - 2024

Music Generation na Mí	2024	2023	2022	2021	2020
Líon na gClár	55	57	34	32	8
Rannpháirtíocht (réamhscoil)	12	15			
Rannpháirtíocht (aois bunscoile)	7914	4889	3433	1792	546
Rannpháirtíocht (aois iarbhunscoile)	258	183	295	594	72
Rannpháirtíocht Iomlán	**8164**	**5087**	**3728**	**2386**	**618**

Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha

Is é Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha, struchtúr a bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt in 2021, agus atá á óstáil ag BOOLM príomhthiománaí agus comhordaitheoir na moltaí atá leagtha amach i bPlean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha.

Tagann na moltaí sa phlean faoi dhá cheannteideal ginearálta (1) an gá atá le comhar idirghníomhaireachta feabhsaithe i riaradh agus i seachadadh seirbhísí i nDroichead Átha, agus (2) an gá atá le seirbhísí acmhainne nó seirbhísí breise a sholáthar sa cheantar.

Mar fhreagra ar cheannteideal (1) le linn 2024:

- Reáchtáladh 32 chruinniú boird agus foghrúpa
- d'fhreastail 75 duine, thar cheann 32 eagraíocht, ar chruinnithe struchtúir Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha
- Lean Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha de bheith ina bhall rannpháirteach i roinnt struchtúr áitiúil lena n-áirítear Forbairt Áitiúil Lú, Líonra Seirbhísí SICAP do Dhaoine Óga, Foireann na Brataí Corcra agus Grúpa Ceannaireachta Áitbhunaithe Dhroichead Átha.

Is comhpháirtí comhoibríoch é Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha freisin maidir le Líonra Sábháilteachta Pobail Uile - Éireann nua a fhorbairt agus d'óstáil sé an chéad imeacht ar an 12 Márta 2024 i nDroichead Átha. Thaistil príomhpháirtithe leasmhara i Sábháilteacht Pobail ó ar fud na hÉireann chun freastal ar an ócáid, lena n-áirítear baill den Gharda Síochána agus den SPTÉ araon; Ionadaithe ó na Roinne Dlí agus Cirt agus Údarás Póilíneachta ó dhá thaobh den teorann; foireann údaráis áitiúil agus comhaltaí tofa; Tusla, FSS; Eagraíochtaí na hearnála Pobail & Deonacha agus tuilleadh.

Baill de Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha ag Líonra Sábháilteachta Pobail Uile-Éireann a tionóladh i nDroichead Átha i mí an Mhárta 2024

Chomh maith leis sin, i mí an Mhárta 2024, Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha, i gcomhar le hOifigeach BOOLM Dhroichead Átha; Forbairt Áitiúil Lú; Obair don Aos Óg Éireann Lú; Ionad Óige agus Caifé Boomerang; Clár Críochnaithe Scoile an Teaghlaigh Naofa; Scoil Náisiúnta Naomh Eoin; Reáchtáil Club Óige Gharrán Bál agus Seirbhís Tacaíochta Teaghlaigh Dian Seachtrach ócáid i gClub Óige Naomh Nioclás chun tús a chur le tionscadal '***Guthanna an Taobh Theas***'. Cuireadh tús le tionscnamh den chineál céanna "***Ár nÁit***" i gceantar na Mónadh Móire níos déanaí sa bhliain.

Lucht freastail ag an gceathrú seisiún "Ár nÁit" a

I mí Dheireadh Fómhair 2024 d'fhreastail baill den Bhord ar oscailt oifigiúil Theach an Phobail i Ráth Maoláin ag Forbairt Áitiúil Lú le tacaíocht ó Chomhairle Contae Lú agus ó Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha.

Mar fhreagra ar cheannteideal ginearálta (2) – an gá atá le hacmhainní a chur ar fáil do sheirbhísí nó seirbhísí breise a sholáthar sa cheantar – lean Bord Forfheidhmithe Dhroichead Átha ag déanamh fíordhul chun cinn ar roinnt gníomhartha lena n-áirítear maoiniú fadtéarmach a fháil do phoist sa Doras Dearg, leathnú dhlínse an Gharda Síochána i nDeisceart Lú chun Deisceart Dhroichead Átha a áireamh (e.g. limistéar Bhóthar Bhaile Átha Cliath/Ráth na Gráinsí), bunú Aonaid Chúraim Sláinte Príomhúil don Lucht Siúil i nDroichead Átha agus leathnú Chlár Pobail Shláintiúla Sláintecare chun Droichead Átha a áireamh do 2025.

Oscailt oifigiúil Theach an Phobail i Ráth Maoláin, Droichead Átha

Tháinig ionadaithe ó gach ceann de na 32 balleagraíocht de Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha le chéile Dé hAoine an 13 Meán Fómhair in Ionad Barbacán, Droichead Átha chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le seachadadh gníomhaíochta, chun comóradh a dhéanamh ar éachtaí struchtúir Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha go dtí seo agus chun pleanáil a dhéanamh don todhchaí.

Lucht freastail ó gach ceann de na 32 balleagraíocht de Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha ag an seisiún iomlánach a tionóladh i Meán Fómhair 2024

.

Sheol an tAire Spóirt agus Gníomhaíochtaí Fisiciúla, Thomas Byrne T.D. an tionscadal "*Sportuile*" go hoifigiúil i mí na Samhna 2024. Baineann an tionscadal seo le maoiniú ó Spórt Éireann ar feadh trí bliana do Chomhpháirtíochtaí Spóirt Lú agus na Mí chun a dTionscnamh um Athrú Trí Spórt a Thiomáint a sheachadadh, le fócas ar leith ar Dhroichead Átha agus ar an gceantar máguaird. Lean BOOLM de bheith ar cheann de na príomhspreagthaí i seachadadh gníomhartha i bPlean Forfheidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha le linn 2024, go háirithe maoiniú € 11m a fháil do Limistéar Spóirt i gColáiste Pobail Naomh Oilibhéar, Ráth Maoláin i gcomhar le Droichead Átha Wolves.

Seoladh oifigiúil "*Sportuile*" ag an Aire Thomas Byrne i Staidiam Lourdes

Tháinig deireadh le téarma Bhord Forfheidhmithe Dhroichead Átha an 31 Nollaig 2024

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochtaí: Caipiteal, Eastáit, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Mar aitheantas ar phunann suntasach talún agus foirgneamh BOOLM agus ar thiomantas na heagraíochta don inbhuanaitheacht, bunaíodh an Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt na hEagraíochta do Chaipiteal, Eastáit, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht mar Stiúrthóireacht ina ceart féin i rith na bliana 2024. Tá an Stiúrthóireacht freagrach as gach Tionscadal Caipitil, Bainistíocht Eastát, Aeráid agus Inbhuanaitheacht do BOOLM. Le linn 2024, bhí luach € 400 milliún de Thionscadail Chaipitil ar fud Scoileanna Nua, Síntí Móra, Scoileanna Speisialta Pobail agus Ranganna Speisialta, Ionaid Oiliúna Nua, Coláiste BOO na Todhchaí, Réitigh Mhodúlacha agus Mionoibreacha, agus iad uile ag céimeanna éagsúla. Ba é an caiteachas in 2024 ná €41 milliún.

Chomh maith le Tionscadail Chaipitil, tá an Stiúrthóireacht freagrach as cothabháil agus athchóiriú scoileanna agus ionaid atá ann cheana féin. Is féidir le gníomhaíochtaí cothabhála a bheith idir mhiondeisiúchán agus athchóirithe móra, ag cinntiú go bhfanann na foirgnimh ag feidhmiú agus cothrom le dáta le riachtanais oideachais nua - aimseartha.

Tá ról straitéiseach ag an Stiúrthóireacht i mBainistíocht Eastát freisin. Is éard atá i gceist leis seo ná ailíniú lenár Straitéis Eastát, nuachóiriú áiseanna, úsáid spáis a bharrfheabhsú, timpeallachtaí cuimsitheacha, inrochtana a chruthú a chothaíonn nuálaíocht agus foghlaim agus oiriúnú d'éilimh oideachais atá ag athrú. Déanann an Stiúrthóireacht maoirseacht agus bainistíocht ar gach fáil láithreán, léasanna/ceadúnais agus úsáid áiseanna BOOLM.

Is príomhfhócas don Stiúrthóireacht í an Aeráid agus an Inbhuanaitheacht. Tá cur i bhfeidhm cleachtais atá tíosach ar fhuinneamh, laghdú ar thionchar comhshaoil foirgneamh, agus cur chun cinn modhanna tógála inbhuanaithe ríthábhachtach dár n-oibríochtaí. Ní hamháin go gcabhraíonn sé seo le costais oibriúcháin a laghdú, ach tá sé ag teacht le spriocanna níos leithne BOOLM, na Roinne agus Náisiúnta agus AE um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tá obair na Stiúrthóireachta riachtanach chun timpeallachtaí oideachais d'ardchaighdeáin a chruthú agus a chothabháil a chinntíonn go bhfuil na háiseanna sábháilte, éifeachtúil agus tacúil le Spriocanna Straitéiseacha BOOLM, rud a chuireann le rath agus folláine na bhfoghlaimeoirí agus na foirne sa deireadh.

Mórshíneadh Cineachta Choláiste Pobail Dhún Seachlainn

Tionscadail Chaipitil 2024

Tionscadail Scoile

Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí & Scoil Speisialta Naomh Ultan, An Uaimh - Foirgneamh Scoile Nua	Pobalscoil Náisiúnta Ard Rí, an Uaimh - Cóiríocht Mhodúlach	Pobalscoil Náisiúnta Chill Dhéagláin - Athruithe ar Chóiríocht Mhodúlach	Coláiste Beaufort, an Uaimh - Cóiríocht Mhodúlach
Iarbhunscoil na Sceiche, Baile na hAbhann, Dún Dealgan, Mór-Shíneadh Buan	Pobalscoil Speisialta Cara (Tionscnamh Faoi Stiúir RO)	Coláiste de Lacy, Cill Dhéagláin, Céim II, Mór-Shíneadh Buan (faoi stiúir na Roinne Oideachais)	Coláiste na hInse, An Inse - Síneadh Buan agus Aonad Riachtanais Speisialta
Coláiste na Mí & Scoil Speisialta Mhuire, An Uaimh - Céim II Mór-Shíneadh Buan	Coláiste Ríoga, Dún Seachlainn (Tionscnamh faoi stiúir RO) - Foirgneamh Scoile Nua	Coláiste Ríoga – Cóiríocht Mhodúlach (Tionscnamh faoi stiúir RO)	Coláiste Pobail Dhún Seachlainn – Síneadh Buan agus Aonad Riachtanais Speisialta
Pobalscoil Náisiúnta Dhún Seachlainn (Tionscnamh faoi stiúir RO) - Foirgneamh Scoile Nua	Coláiste Pobail an Bhóthair Buí - Cóiríocht Mhodúlach (Tionscnamh faoi stiúir RO)	Coláiste Pobail an Bhóthair Buí (Tionscadal faoi stiúir RO) - Foirgneamh Scoile Nua	Pobalscoil Náisiúnta Fhochairde, Dún Dealgan - Buanchóiríocht Bhreise
Meánscoil Loreto Secondary School, an Uaimh - Cóiríocht Mhodúlach	Meánscoil Loreto, an Uaimh - Síneadh Buan agus Aonad Riachtanais Speisialta (Scoil Neamh-BOO)	Coláiste Uí Chearbhaill, An Obair - Foirgneamh Scoile Nua	Scoil Náisiúnta Oideachas le Chéile na Sceirí - Aonad Riachtanais Speisialta (Scoil Neamh-BOO)
Coláiste Pobail, Ráth Chairn - Córais Sábháilteachta Saoil	Pobalscoil Naomh Ciaráin, Ceanannas - Síneadh Buan & Aonad Riachtanais Speisialta (Scoil Neamh-BOO)	Scoil Náisiúnta Naomh Proinsias, An Charraig Dhubh - Síneadh Buan agus Aonad Riachtanais Speisialta (Scoil Neamh-BOO),	Scoil Náisiúnta Mhuire, An Bóthar Buí - Aonad Riachtanais Speisialta (Scoil Neamh-BOO)
Coláiste Pobail Naomh Oilibhéir, Droichead Átha - Cóiríocht Mhodúlach	Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha, Síneadh Buan & Aonad Riachtanas Speisialta	Coláiste Pobail Naomh Oilibhéar, Droichead Átha - Halla Spóirt	Iar-bhunscoil Naomh Oilibhéir, An Seanchaisleán - Cóiríocht Mhodúlach
Iar-bhunscoil Naomh Oilibhéir, Síneadh Buan an tSeanchaisleáin	Coláiste Peadair, Dún Búinne - Aonad Riachtanais Speisialta	Scoil Náisiúnta Naomh Peadair, Dún Búinne (scoil neamh-BOO) - Foirgneamh Scoile Nua	Coláiste Peadair, Dún Búinne - Uasghrádú Leictreach

Pobalscoil Ard Rí, An Uaimh, Co. na Mí

Tionscadail Breisoideachais & Oiliúna

- Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta
- Ógtheagmháil Átha Fhirdia - Uasghrádú agus Athchóiriú
- Coláiste Dhún Búinne sa Todhchaí
- An Ciste um Uasghrádú Bonneagar Straitéiseach IBD
- An Ciste um Uasghrádú Bonneagar Straitéiseach, an Uaimh
- Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan - Coire
- Sráid an tSéipéil, Dún Dealgan - Deisiúcháin Dín
- Ionad Réigiúnach Scileanna & Oiliúna, Dún Dealgan - Córais Sábháilteachta Saoil

Ionad Oiliúna Barr Feabhais Ard-Déantúsaíochta, Dún Dealgan, Co. Lú

Tionscadail Eile

- Cóiríocht Mhodúlach Cuid Fab 2023/24 thar ceann na RO
- Clár FV Gréine Do Scoileanna
- Ceanncheathrú Riaracháin Nua BOOLM
- Clár Feabhsúcháin Radóin
- Coláiste Pobail Ráth Chairn - Tionscadal Aisfheistithe Fuinnimh an AE RePower

Oifigí Riaracháin nua BOOLM, Droichead Átha, Co. Lú

Coláiste Pobail Ráth Chairn Tionscadal Iarfheistithe um Fhuinneamh Domhain

Léasanna/Ceadúnais/Comhaontuithe Cíosa Gearrthéarmacha

Bliain	Líon na Léasanna/na gCeadúnas/na gComhaontuithe Cíosa Gearrthéarmacha
2024	66
2023	59
2022	43
2021	38
2020	42

Úsáid Áiseanna

Líon	iarratas próiseáilte
2024	61
2023	61
2022	47
2021	33
2020	13*

Nótaí

*Bhí líon na n-iarratas ar úsáid áiseanna BOOLM níos ísle le linn 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Ag Gníomhú go hInbhuanaithe

Ar cheann de chúig sprioc straitéiseacha BBOLM tá gníomhú go hinbhuanaithe, ar bhealach atá comhsheasmhach le todhchaí inbhuanaithe agus atá comhsheasmhach le Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 na hÉireann.

Tacaítear leis an straitéis seo trí shé ghníomh:

- Beartas inbhuanaitheachta BOOLM a fhorbairt a bheidh comhsheasmhach le spriocanna na NA agus le Plean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann 2021 lena n-áirítear na sainspriocanna a leagadh síos faoin bplean sin do BOOLM.
- Dul i ngleic leis an bhfoireann maidir le Beartas Inbhuanaitheachta BOOLM a chur i bhfeidhm chun cur ar a gcumas cur le cuspóirí inbhuanaitheachta BOOLM
- Dul i dteagmháil le foghlaimeoirí maidir le cur i bhfeidhm Bheartas Inbhuanaitheachta BOOLM chun cur ar a gcumas cur le cuspóirí inbhuanaitheachta BOOLM
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt, lena n-áirítear leis an ÚFIÉ, ar féidir leo cur le cuspóirí inbhuanaitheachta BOOLM
- Cinntiú go ndéantar maoin BOOLM a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe de réir Bheartas Inbhuanaitheachta BOOLM
- Tionchar comhshaoil BOOLM a laghdú de réir Bheartas Inbhuanaitheachta BOOLM

Tá an Rialtas tar éis spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a leagan amach i ndáil le spriocanna fuinnimh agus aeráide agus ní mór do na hearnálacha poiblí ar fad cloí leo. Is í an sprioc iomlán ná feabhas 50% a bhaint amach i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh agus dearbhsprioc chun laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030. Chuige seo, tá gá le samhlú a úsáid chun conairí astaíochtaí a chur le chéile agus beidh gá le hathrú ó bhonn má táthar leis na spriocanna socraithe a chomhlíonadh.

Tá na spriocanna a leag an rialtas amach iomlán docht; ciallaíonn sé seo nach gceadaítear d'aon buaicsholáthar chun eastát BOOLM a mhéadú amach anseo. Ní mór gach scoil nua nó cóiríocht bhreisoideachais ó 2018 ar aghaidh a chur leis bhfigiúr sprice. Ardaíonn sé seo na caighdeáin go mór, rud a chiallaíonn go mbeidh sé níos dúshlánaí fós do BOOLM spriocanna an Rialtais a bhaint amach.

Ní mór do BOOLM an t-eastát leathnú agus an lorg tógála a leathnú chun freastal ar dhaonra atá ag méadú agus ar rollú méadaithe i gceantar Lú agus na Mí. Beidh tionchar breise ag tionscnaimh tógála reatha agus tionscnaimh tógála amach anseo ar eastát agus ar lorg tógála BOOLM. Tá gá le forbairtí nua chun spás oideachais sainoiriúnaithe a chur in áit áitribh nach bhfuil feiliúnach dá bhfeidhmeanna a thuilleadh. Cuirfidh sé seo ar chumas BOOLM na seirbhísí a theastaíonn chun riachtanais oideachais agus oiliúna Lú agus na Mí a chomhlíonadh.

Tá BOOLM tar éis comhpháirtíocht a dhéanamh le clár Comhpháirtíochta na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) chun cabhrú le dul i ngleic leis an bhfadhb seo. Beidh an chomhpháirtíocht seo ríthábhachtach i ndáil le spriocanna 2030 a chomhlíonadh. Mar sin féin, beidh gá le mionphleanáil straitéiseach chun na hacmhainní riachtanacha agus an infheistíocht a aimsiú chun na spriocanna seo a bhaint amach, mar aon le comhoibriú i measc fhoireann iomlán BOOLM a chothú ar mhaithe le dul chun cinn leanúnach.

Tá BOOLM ag baint úsáid as uirlis Bearna go Sprioc ÚFIÉ chun anailís a leagan amach ar na bearnaí chun laghdú 51% ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh agus feabhsú de 50% ar Éifeachtúlacht Fuinnimh a bhaint amach faoi 2030, chomh maith le Monatóireacht agus Tuairisciú Earnála Poiblí ÚFIÉ (M&T) chun tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gceanglas sainordaithe. Cuireann na huirlisí seo anailís ar fáil ar úsáid fuinnimh, astaíochtaí agus éifeachtúlacht BOOLM ar fud na punainne agus na gcleachtas chun tuiscint a fháil ar ár bhfeidhmíocht maidir lenár spriocanna astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach.

Comhoibríonn BOOLM go dlúth le Bainisteoir Tacaíochta Clár ÚFIÉ chun pleananna agus beartais fuinnimh a fhorbairt agus a nuashonrú. Cuidíonn an chomhpháirtíocht seo le comhlíonadh na gceanglas maidir le monatóireacht agus tuairisciú feidhmíochta fuinnimh (M&T) a bhaint amach, agus cuireann sí tionscnaimh chun cinn i scoileanna agus ionaid ar fud BOOLM.

Tá Foireann Ghlas fhoriomlán bunaithe ag BOOLM a ghníomhaíonn ar bhonn comhairleach agus comhairliúcháin chun cabhrú le spriocanna foriomlána fuinnimh a bhaint amach. Cuireann sé tacaíocht ar fáil freisin d'fhoirne glasa scoile agus ionaid.

Thairis seo, cheap BOOLM Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus Ceannródaí ar son Aeráid Inbhuanaithe ar leibhéal na Bainistíochta Sinsearaí. Fuair BOOLM faomhadh chun Príomhoifigeach Cúnta d'Eastáit, do Ghníomhú ar son na hAeráide agus d'Inbhuanaitheacht a cheapadh; líonadh an post seo go luath in 2025.

Le déanaí, d'fhostaigh agus cheap LMETB comhairleoir Éifeachtúlachta Fuinnimh i nDearadh. Úsáidfidh BOOLM an saineolaí gairmiúil nua seo i ngach réimse fuinnimh agus chun an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide do BOOLM a chur chun cinn tuilleadh.

Tá an Bhainistíocht Shinsearach tiomanta do fheabhsú leanúnach a chur ar fheidhmíocht fuinnimh agus cinntíonn sí go leithdháiltear acmhainní, sa mhéid go bhfuil siad ar fáil don eagraíocht, chun cuspóirí agus spriocanna a bhaint amach. I measc an mhaoinithe ar baineadh leas as, tá Deontas Cineachta Caipitil Ghlais do FET, clár Infheistíochta Caipitil do FET agus maoiniú caipitil do scoileanna. Leanfaidh BOOLM ag faire ar dheiseanna maoinithe agus, i gcás ina gcáilíonn siad, déanfaidh siad iarratais ar na scéimeanna/tionscnaimh rialtais seo. Más féidir, bainfidh BOOLM úsáid as a n-acmhainní féin. Tá maoiniú do thionscadail chaipitil, lena n-áirítear aisfheistithe etc., ag brath ar dheiseanna maoinithe, tacaíochtaí agus formheasanna ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Tá Foirne Glasa i bhformhór na scoileanna agus ionaid BOOLM, agus, le tacaíocht leanúnach ó Fhoireann Ghlas BOOLM, is é an aidhm go mbeadh Foirne Glasa i láthair i ngach scoil agus ionad. Moltar do Fhoirne Glasa i scoileanna agus ionaid tuairisciú a dhéanamh go rialta ar dhul chun cinn tionscnamh ar fud na scoile nó an ionaid chuig Foireann Ghlas Cheanncheathrú BOOLM. Cuireann na foirne seo comhthiomsú sonraí maidir le tomhaltas fuinnimh chun cinn, déanann siad monatóireacht ar úsáid fuinnimh, cuireann siad straitéisí bainistíochta fuinnimh i bhfeidhm chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus carbóin a laghdú, agus bíonn siad ag plé le baill foirne agus le mic léinn ar thionscnaimh maidir le dea-chleachtais fuinnimh agus inbhuanaitheachta. Tugann na Foirne Glasa deis do gach ball foirne agus foghlaimeoir glacadh le spriocanna aeráide agus fuinnimh BOOLM agus cuireann siad ardán ar fáil do pháirtithe leasmhara chun feabhsuithe ar chleachtais óna dtaithí laethúil sna foirgnimh seo a mholadh.

Chun cur leis an méid eolais a bhí ag an bhfoireann i ndáil le bainistíocht fuinnimh, freastalaíodh ar chúrsaí éagsúla fuinnimh, lena n-áiríodh Traenáil Mapála Fuinnimh, a dhíríonn ar fheabhsuithe leanúnacha fuinnimh, bunfheasacht ar fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de agus traenáil iarfheistithe. Cuidíonn traenáil leis an bhfoireann monatóireacht a dhéanamh ar an bhfuinneamh a úsáidtear, deiseanna feabhais a aithint, athruithe fiúntacha ar féidir iad a thomhais a chur i bhfeidhm agus a bheith ag foghlaim ó éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha seo. I measc na gclár oiliúna eile ar fhreastail an fhoireann orthu bhí Fuinneamh / Buntús Cúrsaí Carbóin, Fuinneamh san Oideachas agus Clár Rannpháirtíochta Daoine ÚFIÉ - Dlús a Chur le Rannpháirtíocht Foirne. Chláraigh roinnt d'fhoireann BOOLM le haghaidh Nasc Fuinnimh ÚFIÉ, ar acmhainn fhíorúsáideach í i ndáil le heolas a roinnt agus le heolas a fháil maidir le cúrsaí traenála atá le teacht.

Faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide mar chuid de PGA24 (Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2024), a bhaineann le heagraíochtaí san earnáil phoiblí, chríochnaigh BOOLM a dhara Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Feabhra 2025.

Déantar tuairisciú sa Phlean seo ar mar a rachaidh BOOLM i dteagmháil leis an bhfoireann agus le scoláirí chun clár feasachta fuinnimh a chruthú, agus ar na gníomhaíochtaí atá á moladh chun na spriocanna carbóin a bhaineann le fuinneamh a chomhlíonadh agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, mar a leagtar amach sa Sainordú um Ghníomh ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí. Is é aidhm BOOLM clár feasachta fuinnimh 3 bliana a reáchtáil agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i BOOLM.

Éilíodh ar chomhlachtaí poiblí i bPlean Gnímh Aeráide 2024 Plean Stoc Foirgneamh a fhorbairt a chuideodh le hiarfheistiú an stoic fhoirgnimh chun spriocanna PGA a chomhlíonadh. Mar chuid de phróiseas pleanála an stoic fhoirgnimh, rinne BOOLM athbhreithniú ar an bpunann foirgneamh i gcomhthéacs na spriocanna agus na riachtanas fadtéarmach.

Is cuid lárnach é Plean Stoic Foirgneamh a Ullmhú chun cur chuige straitéiseach a fhorbairt i ndáil le foirgnimh BOOLM a bhainistiú sa chéad deich mbliana eile. D'ullmhaigh agus chuir BOOLM Plean Stoic Foirgníochta Céim 1 isteach i mí Eanáir 2024.

Díríonn Plean Gnímh Aeráide BOOLM ar riachtanais Shainordú 2024 um Ghníomh ar son na hAeráide a chomhlíonadh nó a shárú. Tá BOOLM ar an eolas freisin faoi na ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le gníomhaíocht fuinnimh agus le gníomh ar son na haeráide agus aitheantas a thabhairt dóibh sa phlean.

Luaitear in I.R. 426 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh 2014 go ndéanfaidh gach comhlacht san earnáil phoiblí iniúchadh fuinnimh gach 4 bliana. Is éard is cúis le hiniúchadh fuinnimh ná léargas a fháil ar bhealaí chun a bheith níos éifeachtúla ó thaobh úsáid an fhuinnimh de, tuiscint a fháil ar cén chaoi a bhfuil fuinneamh á úsáid san fhoirgneamh, agus deiseanna a aithint chun fuinneamh a laghdú idir thionscnaimh bheaga agus mhóra le go bhféadfar costais fuinnimh a mhaolú. Tá iniúchtaí curtha i gcrích ag BOOLM chun 85.5% den úsáid fuinnimh a chlúdach ar fud na punainne de réir riachtanais SI426:2014. Tá BOOLM i mbun iniúchtaí fuinnimh ar na foirgnimh atá fágtha freisin. Úsáidtear an fhaisnéis ó na tuarascálacha seo chun aird a tharraingt ar láidreachtaí i gcleachtais fuinnimh, laigí i gcórais fuinnimh a aithint, aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar spriocanna aeráide agus fuinnimh, agus deiseanna a bharrfheabhsú chun foirgnimh agus

cleachtais a fheabhsú. Cuireadh Tuarascáil Achoimre Iniúchta Fuinnimh IR 426 BOOLM faoi bhráid ÚFIÉ i mí Feabhra 2025 chun riachtanais IR 426 a chomhlíonadh.

Tá BOOLM tiomanta go gcomhlíonfaidh gach tionscnamh soláthair agus tógála nua na mionthreoirlínte a leag an Roinn Oideachais amach sna Cáipéisí Treoracha Teicniúla ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh agus le hardchaighdeán tógála. Chun an chuspóir seo a bhaint amach, chuaigh Foireann Rannóg Soláthair BOOLM faoi oiliúint maidir le cleachtais soláthair ghlasa agus inbhuanaithe. Bíonn faisnéis doiciméadaithe á lorg ag an bhfoireann ó sholáthróirí anois, agus cinntítear leis seo go dtugtar tosaíocht do thionscnaimh atá neamhdhíobhálach ó thaobh na timpeallachta de nuair a bhíonn conarthaí á mbronnadh.

De réir a cheanglais ar son an chomhshaoil, cuireann BOOLM gníomhaíochtaí chun cinn atá dírithe ar acmhainní nádúrtha a chaomhnú, ar an méid dramhaíola a théann go líonadh talún a laghdú, agus a mhéadaíonn rátaí athchúrsála ag an am céanna. Is gnáthghné de gach tionscnamh nua scoile iad bailitheoirí uisce báistí anois, lenar féidir an t-uisce a stóráil le haghaidh úsáid dhíreach nó é a threorú ar ais sa screamhuisce.

Bunaithe ar shonraí bonnlíne feidhmíochta fuinnimh M&T ÚFIÉ suas go dtí 2023, tá feabhas 51.7% tagtha ar fheidhmíocht fuinnimh BOOLM ón mbonnlíne. Má choinnítear feidhmíocht fuinnimh ag an leibhéal seo ar feadh seacht mbliana eile, bainfear sprioc éifeachtúlachta BOOLM amach. Chomhlíon BOOLM na spriocdhátaí a leag ÚFIÉ amach chun na bailíochtuithe sonraí méadraithe 2024 a uaslódáil. Táimid ag súil go gcuirfidh ÚFIÉ sonraí feidhmíochta fuinnimh BOOLM do 2024 ar fáil.







Tá na torthaí seo mar bhonn agus mar thaca le tiomantas BOOLM ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus le dualgas ar son an chomhshaoil agus léiríonn siad bearta éifeachtacha chun tomhaltas gáis agus leictreachais a laghdú thar áiseanna BOOLM.

Tá feabhsuithe éifeachtúlachta á mbaint amach leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Clár struchtúrtha bainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm agus Foireann Fuinnimh BOOLM
- Beartas Fuinnimh BOOLM a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm
- Straitéis fuinnimh agus plean gnímh a chruthú
- Plean Fuinnimh BOOLM a chur i bhfeidhm chun cuspóirí aeráide agus fuinnimh a chomhlíonadh
- Athfheistithe, foirgnimh agus uasghráduithe áiseanna
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fóntas a thuairisciú agus a leanúint
- Feasacht agus athrú iompair a chur chun cinn i BOOLM le feachtas ÚFIÉ agus OOP, Úsáid Níos Lú
- Oiliúint a chur ar an bhfoireann le cúrsaí ÚFIÉ ar líne agus le ceardlanna
- Monatóirí Méadair a fheistiú

In 2023, feistíodh monatóirí ag Ionad Réigiúnach Scileanna agus Oiliúna, Coláiste Pobail Dún Seachlainn agus ag Coláiste Uí Fhiaich chun úsáid fóras a leanúint i bhfíor-am. Cuireann an tionscnamh seo go mór le cumas BOOLM maidir le tiomsú sonraí fuinnimh agus is féidir cinnteoireacht fheasach a dhéanamh bunaithe ar na sonraí is déanaí dá bharr.

Tá cuspóirí inbhuanaithe á saothrú ag BOOLM freisin i réimsí lena n-áirítear tomhaltas páipéir, uisce, míreanna aon-úsáide a laghdú, giniúint dramhaíola agus astuithe feithiclí a laghdú.

Is í cuspóir uileghabhálach BOOLM ná na spriocanna iomlána Gáis Ceaptha Teasa (GCT) 2030 a chomhlíonadh le tionscnaimh dícharbónaithe a thabhairt isteach i ngach tionscnamh nua agus gach clár amach anseo, rud a chuirfidh le todhchaí a bheidh níos inbhuanaithe agus níos airdeallaí maidir le himpléachtaí don chomhshaol. Cé go bhfuil muid ar an eolas faoi na dúshláin a ghabhann leis na cuspóirí seo, déanfaidh BOOLM móriarracht leanúnach lena mbaint amach, le comhoibriú, comhpháirtíocht le ÚFIÉ agus le tacaíochtaí ranna rialtais.

Ciorclán 1/2020 a chomhlíonadh: Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a fhritháireamh. Is beag taisteal aeir atá ag BOOLM, le thart ar 1 go 2 eitilt bhliantúla Eorpacha le haghaidh taisteal a bhaineann le hobair na foirne. Tá soiléiriú á lorg ag BOOLM ar an sásra chun íoc isteach sa Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide de bhun Chiorclán 1/2020.

Aguisín

Aguisín 1 – Feidhmeanna Forchoimeádta an Bhoird

Deirtear in Alt 12 (2) d'Acht 2013:

(2) Is feidhmeanna forchoimeádta iad gach ceann díobh seo a leanas:

(a) iarraidh ó bhord oideachais agus oiliúna ar ainm faoina bhféadfaidh an bord é féin a thuairisciú chun críocha oibríochta faoi alt 9(3);

(b) príomhfheidhmeannach a cheapadh de réir alt 14;

(c) príomhfheidhmeannach a chur ar fionraí de réir alt 17;

(d) scoláireacht a bhunú faoi alt 24;

(e) tuairim a thabhairt faoi alt 27(4)(h) agus ráiteas straitéise a ghlacadh (fara modhnuithe nó dá n-éagmais) faoi alt 27;

(f) tuarascáil bhliantúil a ghlacadh faoi alt 28;

(g) bronntanais a ghlacadh nó a bheith comhdhéanta mar iontaobhaí faoi alt 29;

(h) cinneadh a údarú do chomhalta freastal ar chomhdháil, seimineár, cruinniú nó imeacht faoi alt 38;

(i) i ndáil le coiste arna bhunú faoi alt 44 —

(i) bunú nó díscaoileadh an choiste,

(ii) téarmaí tagartha a chinneadh agus nósanna imeachta an choiste a rialáil, lena n-áirítear,

(iii) comhalta (lena n-áirítear an cathaoirleach) den choiste a cheapadh nó a chur as oifig, agus

(iv) gníomh de chuid an choiste a dhaingniú;

(j) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh faoi alt 47;

(k) an chumhacht chun airgead a fháil ar iasacht faoi alt 49;

(l) cuntais a choimeád de réir alt 51;

(m) i ndáil le coiste airgeadais agus le coiste iniúchóireachta—

(i) bunú na gcoistí sin,

(ii) comhalta (lena n-áirítear an cathaoirleach) de na coistí sin a cheapadh agus a chur as oifig, agus

(iii) tuarascáil arna hullmhú ag gach ceann de na coistí sin a fháil agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngníomh (más ann) ba cheart a dhéanamh mar thoradh ar fhionnachtana aon tuarascála den sórt sin; agus

(n) talamh, nó aon leas i dtalamh, a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt faoi mhír 3 de Sceideal 3.